TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010



COMHLACHT CHALAFORT ÁTHA CLIATH
DUBLIN PORT COMPANY

COMHLACHT CHALAFORT
ÁTHA CLIATH
DUBLIN PORT COMPANY

Comhlacht Chalafort Átha Cliath, Ionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1, Éire
Teil: +353 1 887 6000 **R-phost:** info@dublinport.ie **Facs:** +353 1 855 1241

www.dublinport.ie

Clár na nÁbhar

Buaicphointí Airgeadais 2

Príomhthascairí Feidhmíochta Airgeadais 3

Stiúrthóirí agus Bainistíocht 4

Ráiteas an Chathaoirligh 6

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 10

Freagracht Shóisialta Chorparáideach 15

Cúrsaí Comhshaoil 19

Tuarascáil na Stiúrthóirí 22

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha 31

Polasaithe Cuntasaíochta 33

Cuntas Brabúis agus Caillteanais 37

Ráiteas ar na Gnóthachain agus na Caillteanais Aitheanta 38

Clár Comhardaithe 39

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim 40

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 41

Staitisticí maidir leis an gCalafort 68

Buaicphointí Airgeadais

Láimhdeachas

€67.0m



Brabús Oibriúcháin

€27.0m



Brabús i ndiaidh Chánachais

€20.5m



Caiteachas Caipitil

€7.8m



Cistí na Scairshealbhóirí

€245.3m



Díbhinní

€5.5m



Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais

	2010	2009
	€'000	€'000
Láimhdeachas	66,969	62,852
Brabús Oibriúcháin	27,031	25,647
Corrlach Oibríochta (%)	40.4	40.8
Glanmhuirir Úis	1,623	1,523
Clúdach Úis (méid uaireanta)	16.7	16.8
Glanfhiachas	30,262	39,125
Glanfhiachas mar chéatadán de shócmhainní seasta (%)	10.9	14.0
Giaráil (%)	16.3	16.8
Toradh as an gCaipiteal in Úsáid (ROCE) (%)	8.8	8.7
TRDAÚS	37,810	32,313

Eolas Eile

Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Michael Sheary
Ionad an Chalafoirt
Bóthar Alexandra
Baile Átha Cliath 1

Oifig Chláraithe 262367

Príomhbhaincéirí

Banc na hÉireann
KBC Bank Ireland plc

Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
A hAon, Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

Dlíodóirí

Arthur Cox
Ionad Earlsfort
Ardán Earlsfort
Baile Átha Cliath 2

Achtúirí

Mercer
Teach Charlotte
Sráid Charlemont
Baile Átha Cliath 2

Stiúrthóirí agus Bainistíocht

Lucy McCaffrey

Cathaoirleach

I ngairmréim de thríocha bliain, d'oibrigh Lucy McCaffrey le heagraíochtaí ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha in Éirinn agus le hilnáisiúnaigh móra san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus san Afraic mar chomhairleoir gnó in earnálacha na seirbhísí airgeadais, táirgeachta agus san earnáil seirbhíse. Bhunaigh sí Latitude i 1992, comhairleoireacht shainfheidhme lena dtugtar tacaíocht d'athrú eagraíochta straitéisí, tar éis di roinnt blianta a dhéanamh leis an gcomhairleoireacht tionscnaimh atá lonnaithe i mBostún, Synectics Inc. agus faoi láthair is príomhaí na cuideachta í.

Ba í Lucy Stiúrthóir an Chomhlacht Chalafort Átha Cliath idir 1997 agus 2002 agus bhí sí ar bhord an Ionad Tionscnaimh Ealaíona (Project Arts Centre) ar feadh téarma cúig bliana (1988- 1993). I Nollaig 2009 cheap an tAire Iompair í mar Chathaoirleach de Chomhlacht Chalafort Átha Cliath agus is Stiúrthóir í de Eastlink Limited agus de Renore Limited, comhfhiontar le One51 ar leis Greenore Port.

Is céimí í Lucy ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath agus tá sí ina comhalta d'Institiúid na gComhairleoirí Bainistíochta.

Eamonn O'Reilly

Príomhfheidhmeannach

Ceapadh Éamonn O'Reilly mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Lúnasa 2010. Roimhe sin, bhí sé mar Phríomhfheidhmeannach ar Portroe Stevedores, gnólacht láimhsithe lastais atá lonnaithe i gCalafort Átha Cliath. Bhí sé sa phost sin ó 2005 ar aghaidh agus bhí ról eile aige le linn na tréimhse sin freisin mar bhainisteoir forbartha grúpa ag máthairchomhlacht Portroe, Doyle Shipping Group.

Sular thosaigh Éamonn ag obair le Doyle Shipping Group, bhí sé mar Bhainisteoir Tionscadal in Securicor Ireland agus d'obair sé mar chomhairleoir bainistíochta le KPMG. Chaith sé seal mar Phríomhfheidhmeannach ar Marine Terminals Limited idir 1992 agus 1996.

Is innealtóir cairte é Éamonn a bhain bunchéim amach i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath mar aon le MBA i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is ball d'Innealtóirí Éireann é.

Is Stiúrthóir é Éamonn de chuid an Chomhlachta Chomhfhiontair, Renore Limited, ar leis grúpa Comhlachtaí Chalafort an Ghrianfoirt.

Brian W. Kerr

Stiúrthóir

Is Bróicéir Loinge Cairte é Brian W. Kerr a bhunaigh an chuideachta iompair agus loingseoireachta atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath darbh ainm Brian Kerr Shipping i 1987 agus i 1999 ba chuid de Hamilton Shipping Group í an chuideachta. Is Iar-Stiúrthóir Bainistíochta é ar an bhfochuideachta George Bell Shipping Group ó 1976 go dtí 1987 tar éis dó obair do Clyde Shipping.

Agus é ina Iar-Uachtarán agus ina bhall de bhord Chumann na Longúinéirí um Chomhphobal Eorpach, bhí páirt aige i bhforbairt pholasaí loingseoireachta Eorpaí ó 1973, an bhliain ar tháinig Éireann isteach sa Chomhphobal Eorpach i 1973. Ina theannta sin, bhí sé ina Stiúrthóir ar Chomhlachas Loingseoireachta na hÉireann a dhéanann ionadaíocht do longúinéirí agus d'oibreoirí loinge Éireannacha agus tá sé ina bhall choiste den Bhrainse Éireannach d'Institiúid Chairte na mBróicéirí Loinge.

Is comhalta é Briain ar Institiúid Chairte na mBróicéirí Loinge agus ar an Institiúid Chairte Iompair agus Lóistíochta agus d'fhreastail sé mar Uachtarán ar an dá eagraíocht.

Ceapadh Brian mar stiúrthóir ar dtús ar Bhord Port agus Duganna Baile Átha Cliath i 1991 agus bhí sé ina Chathaoirleach ar an mbord ó 1995 go 1997. Agus nuair a corpraíodh é i 1997, ceapadh é ar an gComhlacht Chalafort Átha Cliath agus athcheapadh é ar feadh téarmaí de chúig bliana in 2002 agus in 2007. Is Stiúrthóir freisin é ar Adria Ferries Limited agus is Cathaoirleach é ar an nGrúpa Rehab.

Jerry Kiersey

Stiúrthóir

Tá os cionn de dhaichead bliain de thaithí ag Jerry Kiersey sna hearnálacha lóistíochta agus muirí in Éirinn agus faoi láthair is Stiúrthóir Bainistíochta é de chuideachta iompair bóthair, darbh ainm Green Tiger Express Limited, bhunaigh sé i 1999. Ba Iar-Phríomhfheidhmeannach é ar Chumann Lastála Idirnáisiúnta na hÉireann agus bhí sé ina Uachtarán ar Chumann Tarlú Bóthair na hÉireann sna hochtóidí.

Cheap an tAire Iompair é ar Chomlacht Chalafort Átha Cliath in 2002 agus freisin tá sé ina stiúrthóir ar Iontaobhas Oideachais Naomh Ultan agus ar an mBord Eatramhach Neamhspleách Príosúin. Bhí sé ina chomhalta comhairle de Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath agus ina Uachtarán bunaidh ar an gComhlachas d'Iarthar Bhaile Átha Cliath. Sa bhliain 2001 ceadaíodh dó a bheith ina Chomhalta den Institiúid Chairte Iompair agus Lóistíochta agus is comhalta é d'Fhoras Muirí na hÉireann.

Bord Stiúrthóirí

Lucy McCaffrey (Cathaoirleach)	**Brian W Kerr**	**Pat Magner**	**Charles Rochfort**
Eamonn O'Reilly (Príomhfheidhmeannach)	**Jerry Kiersey**	**John Moore**	

Pat Magner

Stiúrthóir

Tháinig Pat Magner go dtí Bord an Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Iúil 2007 i ndiaidh d'Aire Iompair, Noel Dempsey, TD é a cheapadh. Is Iar-Sheanadóir é Pat, arna ainmniú ag An Taoiseach Garrett FitzGerald TD chuig an 15ú agus an 17ú sheisiúin de Sheanad Éireann. Ina theannta sin, d'ainmnigh an Taoiseach Albert Reynolds TD chuig an 20ú sheisiúin den Seanad idir 1993 agus 1997. Is iarchomhalta é den Choiste Náisiúnta Feidhmiúcháin de Pháirtí an Lucht Oibre, agus d'oibrigh Pat mar Eagarthóir Náisiúnta don pháirtí ar feadh cúpla bliain agus faoi láthair is Comhairleoir um Ghnóthaí Poiblí é.

Ba Chomhalta Comhairle é d'Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath chomh maith.

John Moore

Stiúrthóir

Tháinig John Moore ar Bhord Port agus Duganna Baile Átha Cliath i 1977 agus bhí roinnt róil shinsearacha san eagraíocht lena n-áirítear an Ceannasaí Earcaíochta agus an Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh. Faoi láthair, bainistíonn sé clár oiliúna na Náisiún Aontaithe le haghaidh bainisteoirí i bpoirt i dtíortha i mbéal forbartha. Ina theannta sin, tá páirt aige i roinnt tionscnamh Taighde & Forbartha arna maoiniú ag an Aontas Eorpach, agus mar gheall ar a pháirt ar fhoireann Taighde & Forbartha an Chomhlacht Chalafort Átha Cliath, tá baint aige leis na deiseanna chun gnó a bhaineann leis an ngnó a fhorbairt thar lear. Tháinig sé ar an mBord in 2007 tar éis a thoghcháin mar ionadaí d'oibreoirí don bhord.

Tá Máistreacht ag John i Staidéar Pholasaithe Eacnamaíocha ó Choláiste na Tríonóide, B.A sa Bhainistíocht ón I.M.I. and is Ball Céimithe d'Institiúid Mhargaíochta na hÉireann é. Is Iniúchóir Inmheánach cáilithe é chomh maith.

Is ball é John d'Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha (Ríocht Aontaithe & Éire), d'Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn agus den Cheardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil agus faoi láthair tá sé ina Rúnaí Oinigh de Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí na nOibreoirí in Éirinn.

Charles Rochfort

Stiúrthóir

Tháinig Charles Rochford go dtí an Bhord Port agus Duganna Bhaile Átha Cliath i 1978 agus bhí roinnt ról aige i Rannóg Sheirbhíse agus Chothabhála na cuideachta. Bhí sé cáilithe mar fheisteoir i 1982 agus faoi láthair is Teicneoir Cothabhála é sa Rannóg Sheirbhíse agus Chothabhála. Is maor cheardchumainn é don Technical Engineering & Electrical Union (TEEU) agus toghadh é ar Bhord Chomhlacht Chalafort Átha Cliath in 2007 agus é ina ionadaí na n-oibreoirí.

Michael Sheary

Rúnaí an Chomhlachta & Príomhoifigeach Airgeadais

Tháinig Michael Sheary go dtí an chuideachta i 1982 agus bhí roinnt ról sinsearach aige lena n-áirítear Rialtóir Cúnta Airgeadais go dtí gur ceapadh é mar Rúnaí na Cuideachta agus Príomhoifigeach Airgeadais i 2001. Ó shin amach, bhí Michael freagrach as feidhmeanna riaracháin, dlíthiúil agus airgeadais na cuideachta agus ina theannta sin tá sé freagrach as na hoibriúcháin maidir le Bainistíocht Eastát agus Áiseanna.

Cháiligh Michael mar Chuntasóir Deimhnithe Cairte i 1988 agus ceadaíodh dó a bheith ina Chomhalta de Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte i 1996. Tá Michael ina Stiúrthóir ar East Link Limited, Rúnaí Cuideachta do Renore Limited agus tá sé ina Iontaobhaí de scéim phinsin le sochair sainithe den Chomhlacht Chalafort Átha Cliath.

Foireann Bainistíochta Feidhmeannaí

Eamonn O'Reilly	Príomhfheidhmeannach
Michael Sheary	Rúnaí an Chomhlachta / Príomhoifigeach Airgeadais
Seamus McLoughlin	Ceann na nOibríochtaí
Joanne M Doyle	Bainisteoir Acmhainní Daonna
Captain David Dignam	Máistir an Chuain
Ciarán Callan	Bainisteoir Cothabhála agus Seirbhísí
John Fairley	Bainisteoir Slándála

Bainisteoirí Sinsearacha

Marie Porter	Bainisteoir Airgeadais
Conor Farrell	Bainisteoir TF
Brenda Daly	Bainisteoir Margaíochta / Caidrimh Phoiblí
Gerry Barry	Bainisteoir Maoine

01

Ráiteas an Chathaoirligh

Sa Ráiteas a rinne mé i dTuarascáil Bhliantúil na bliana anuraidh shonraigh mé an ról atá ag Calafort Átha Cliath chun an trádáil a éascú i gcroílár an mhol trádála is mó agus is tábhachtaí in Éirinn. Agus an ról seo á chomhlíonadh againn, soláthraíonn Comhlacht Chalafort Átha Cliath an bonneagar, na háiseanna agus na seirbhísí cuí lena chinntiú go n-iompraítear go héifeachtúil luach €35 billiún d'earraí agus 1.8 milliún turasóir in aghaidh na bliana ar bháid farantóireachta agus ar línéir chúrsála.

Ba bhliain dheacair dhúshlánach í arís eile ó thaobh na heacnamaíochta in Éirinn agus ba léir, níos mó ná riamh, an ról ríthábhachtach atá ag Calafort Átha Cliath chun an trádáil a éascú sa gheilleagar oscailte, oileánbhunaithe againn. Tuigtear anois, níos mó ná riamh, go mbíonn fíorgheilleagair inbhuanaithe bunaithe ar an trádáil agus go mbeidh téarnamh geilleagrach na hÉireann bunaithe ar an easpórtáil.

Sa chomhthéacs sin, is cúis áthais dom a thuairisciú gur tháinig méadú 6.1% in 2010 ar na leibhéil trádála i gCalafort Átha Cliath go 28.1 milliún tonna. Is ábhar spreagtha é gur chruthaigh na heaspórtálacha go háirithe go maith. Tháinig méadú 12.2% ar na torthaí siúd go 11.2m tonna, agus tháinig méadú 2.4% ar iompórtálacha go 16.9 milliún tonna. Bunaithe ar na figiúir sin, ba airde leibhéal na n-easpórtálacha in 2010 ná 2007, an bhliain a baineadh buaicleibhéil amach, agus bhí an méid foriomlán trádála a tháinig tríd Bhaile Átha Cliath níos lú ná 10% níos ísle ná na buaicleibhéil sin.

San earnáil turasóireachta, tháinig méadú 17.6% go 1.8 milliún ar líon na bpaisinéirí ar bháid farantóireachta. Is cuid thábhachtach í seo de mhargadh turasóireachta na hÉireann mar de ghnáth is doimhne isteach sa gheilleagar a théann turasóirí a thagann isteach sa tír ar bhád farantóireachta agus a gcarr leo ná daoine a thagann ar eitleáin; fanann siad níos faide agus cuireann siad níos mó leis an ngeilleagar.



Tréchur Chalafort Bhaile Átha Cliath (sna milliún tonna)

Bhí méadú ar an líon paisinéirí níos luaithe sa bhliain 2010 mar gheall ar an scamall mór de luaithreamhán bolcánach ón Íoslainn a chuir isteach go mór ar an aerthrácht. Bhí méadú ann arís ag deireadh na bliana mar thoradh ar an drochaimsir a d'fhág gur dúnadh aerfoirt ar fud na hÉireann agus na Breataine. Taobh istigh de

sheachtain amháin, tháinig 72,000 paisinéir tríd an gCalafort, trí oiread na ngnáthleibhéal paisinéirí i ngnáth-thréimhse seacht lá. Is léiriú é ar an saineolas agus ar an ngairmiúlacht atá i gCalafort Átha Cliath an dóigh a ndeachaigh comhlachtaí na mbád farantóireachta agus Comhlacht Chalafort Átha Cliath i ngleic leis na géarchéimeanna seo.

Chomh maith le gnó na mbád farantóireachta, ba é Calafort Átha Cliath an calafort ba mhó sa tír i dtaca le cuairteanna ag longa cúrsála; tháinig 85 long cúrsála go dtí an chathair i gcaitheamh na bliana agus bhí 130,000 duine, idir turasóirí agus criú, ar bord. Cé nach bhfuil i gceist leis sin ach cuid bheag de ghnó Chomhlacht Chalafort Átha Cliath, aithnítear go maith na buntáistí atá ann don gheilleagar áitiúil nó meastar go gcaitheann comhlachtaí na línéirí cúrsála agus a gcuid paisinéirí €35m.

Tá an fás ar leibhéal na trádála a tháinig tríd an gCalafort léirithe san fheidhmíocht láidir airgeadais in 2010. Tháinig méadú 6.6% ar ioncam go €67m agus mar gheall ar ár bhfócas leanúnach ar chostais a laghdú, mhéadaigh an Brabús Oibriúcháin 19% go €30.5m, roimh Mhíreanna Eisceachtúla Oibriúcháin.

I mí an Mheithimh 2010 d'íoc an Comhlacht díbhinn de €5.5m lenár scairshealbhóir, an tAire Iompair. Ba ionann é sin agus méadú 3.8% ar leibhéal na díbhinne a íocadh an bhliain roimhe sin.

Is é polasaí an Chomhlachta díbhinn bhliantúil a íoc atá idir 20% agus 30% den Bhrabús Iarchánach, Míreanna Eisceachtúla as an áireamh. Aithnímid na dúshláin mhóra eacnamaíochta atá roimh an Státchiste, agus i ndiaidh dúinn an scéal a phlé leis an scairshealbhóir, tá aontaithe ag an mBord gnáthleibhéal na díbhinne a bheidh le híoc in 2011 a ardú ar €10m sa bhreis.

Mar gheall ar na deacrachtaí eacnamaíochta a bhí ann le deireanas, tá béim curtha ar thábhacht straitéiseach earnáil na gcalafort agus Chalafort Átha Cliath go sonrach mar is léir go bhfuil gá le dóigh éifeachtúil, iomaíoch chun earraí a iompar. Ó rinneadh corparáidiú ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i 1997, tá breis agus €284m infheistithe againn i mbonneagar an chalafoirt, i bhfeabhsú agus in athchóiriú áiseanna agus in ardán a sholáthar don mhúnla iomaíoch atá ag feidhmiú sa Chalafort sa lá atá inniu ann. Faoi láthair tá 7 n-oibritheoir críochfoirt san earnáil aontaithe atá comhdhéanta de na modhanna loingseoireachta Rolladh Ann/Rolladh As (Ró-Ró) agus Lódáil/Dílódáil. Is leis an earnáil aontaithe a bhaineann breis agus 80% den trádáil a thagann trí Bhaile Átha Cliath. Leis an mhúnla seo bíonn rogha fhairsing ag an lucht iompórtála agus easpórtála agus dúshraith iomaíoch ar a dtig leo a gcinntí maidir leis an dóigh a dtéann siad i mbun a ngnó laethúil a bhunú.

Tá sé den riachtanas go mbíonn earnáil na gcalafort in ann tionscadail riachtanacha bonneagair a dhearadh agus a mhaoiniú. Chomh maith leis sin, áfach, caithfimid a bheith in ann tógáil, agus sula ndéanaimid é sin caithfimid cead pleanála a fháil. Bhí díomá ar an mBord i mí an Mheithimh 2010 nuair a dhiúltaigh An Bord Pleanála cead pleanála a thabhairt don tionscadal Tairsí a bhí molta a raibh mar aidhm leis saoráidí breise a chur ar fáil don trádáil aontaithe trí shíniú 21 heictéar ag imeall Thuaidh-Thoir an Chalafoirt.

Ba ábhar spreagtha, áfach, gur glacadh leis na mór-argóintí eacnamaíochta go léir maidir le gá agus tráthúlacht agus nár glacadh le hargóintí maidir leis an straitéis spáis náisiúnta ná leis na héifeachtaí féideartha monaplacha. Sa deireadh thiar thall, áfach, diúltaíodh don iarratas mar gheall ar chúinsí comhshaoil – ní hé as siocair go mbeadh drochthionchar againn ar shláine an Limistéir mholta faoi Chosaint Speisialta – ach as siocair nach raibh sé cruthaithe againn nach mbeadh drochthionchar againn ar shláine an Limistéir sin.



Onnmhairí Chalafort Bhaile Átha Cliath (sna milliúin tonna)

Cé go bhfuil díomá ar an mBord i dtaca le cinneadh An Bhord Pleanála, táimid dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn go siosmaideach, go freagrach agus go cúramach. An méid sin san áireamh, tá Máistirphlean á fhorbairt ag an gComhlacht don Chalafort a chlúdóidh an tréimhse suas go dtí 2040.

Ní tréimhse fhada í 30 bliain ag calafoirt i dtaca leis an bpleanáil nó tá an chuid is mó acu i mbun gnó leis na céadta bliain anuas. Is í an cheist mhór straitéiseach a bhfuilimid ag plé léi faoi láthair conas freastal ar 60 milliún tonna de thrádáil a thiocfaidh

tríd an gCalafort faoi 2040. D'fhéadfaí dúbláil ar na leibhéil reatha a bhaint amach ach méid beag fáis, chomh beag le 2.5% a dhéanamh in aghaidh na bliana.

Rachfar i mbun dearadh an Mháistirphlean ar bhealach oscailte agus beidh an comhairliúchán mar bhunchloch leis. Rachaimid i gcomhairle leis na páirtithe móra leasmhara go léir d'fhonn páipéar a ullmhú a dhíreoidh ar na saincheisteanna. Beidh sé sin mar bhunús le creat don phróiseas foirmiúil comhairliúcháin a mbeidh deis ag gach páirtí leasmhar páirt a ghlacadh ann trí phlé agus aighneachtaí foirmiúla; beidh páirt ag na páirtithe leasmhara i múnlú fhorbairt an Chalafoirt amach anseo, áit atá ríthábhachtach agus lárnach i saol Chathair Bhaile Átha Cliath agus sa gheilleagar níos leithne. Leagfar amach freisin sa Mháistirphlean an dóigh a rachaimid i ngleic le saincheisteanna comhshaoil agus leis an dóigh a mbeidh Calafort Átha Cliath imeasctha leis an gCathair agus leis na daoine sa cheantar máguaird sna blianta atá romhainn.



Allmhairí Chalafort Bhaile Átha Cliath (sna milliúin tonna)

Cibé toradh a bheidh ar phróiseas an Mháistirphlean, táim muiníneach go bhfuil Comhlacht Chalafort Átha Cliath láidir go leor ó thaobh airgeadais agus oibriúcháin chun bonneagar agus saoráidí a sholáthar a bheidh de dhíth le leanacht ar aghaidh lenár ról chun an iomaíocht a chur chun cinn agus trádáil agus fás eacnamaíochta a éascú.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom na hathruithe a tháinig ar an mBord le 12 mhí anuas a lua. I mí na Samhna 2010 d'éirigh Tom Hussey as a ról mar Stiúrthóir, ról a bhí aige ó bhí 2002 ann. Ba mhaith liom féin agus leis an mBord buíochas a ghabháil leis as an obair atá déanta aige le hocht mbliana anuas.

I dTuarascáil Bhliantúil na bliana anuraidh luaigh mé an obair a rinne Enda Connellan sa Chalafort le linn seal oibre a mhair breis agus 30 bliain. Chaith sé 16 bliana mar Phríomhfheidhmeannach.

I mí Lúnasa 2010 cheap an Bord Éamonn O'Reilly mar Phríomhfheidhmeannach nua. Tá Éamonn ag teacht isteach san eagraíocht tráth a bhfuil dúshláin mhóra romhainn mar gheall ar na dálaí eacnamaíochta ina bhfuilimid go léir ag feidhmiú faoi láthair, ach is cinnte go bhfuil deiseanna móra againn freisin i dtaca le forbairt an Chalafoirt amach anseo. Tá Éamonn ag obair in earnáil na gcalafort leis na blianta fada agus tá taithí fhairsing aige. Táim ag dréim go mór lena bheith ag obair in éineacht leis lena chinntiú go mbeidh rath leanúnach ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath.



Lucy McCaffrey
Cathaoirleach

31 Márta 2011

02

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Athbhreithniú Trádála

Bhí fás mór ar an méid lastais a chuaigh trí Chalafort Átha Cliath in 2010. In ainneoin drochfheidhmíocht an gheilleagair, 6.1% an méid fáis a bhí ann agus lucht iompórtála agus easpórtála ag iarraidh na costais a bhaineann le hearraí a thabhairt chomh fada leis an margadh a íoslaghdú. Chomh maith leis sin, bhí líon na bpaisinéirí agus an leibhéal turasóireachta láidir mar ba léir na buntáistí a bhaineann le báid farantóireachta mar mhodh taistil go háirithe le linn ghéarchéim an scamall luaithreamháin bholcánaigh.

Ba ionann méid iomlán na trádála a tháinig tríd an gCalafort le linn na bliana agus 28.1m tonna, figiúr atá níos lú ná 10% níos ísle ná buaicfheidhmíocht an Chalafoirt in 2007.

Tháinig méadú 12.2% ar an méid easpórtálacha a rinneadh agus ba iad ba chúis le breis agus an trí cheathrú cuid den fhás a rinneadh i gcaitheamh na bliana.

'000 tonnaí	2010	2009	% athraithe
Iompórtálacha	16,933	16,537	2.4%
Easpórtálacha	11,185	9,965	12.2%
Iomlán	28,118	26,502	6.1%

Is sna modhanna aontaithe is mó a tharla an fás, ach rinneadh an fás sin a fhritháireamh i bpáirt mar gheall ar an laghdú ar lastais Bhulcleachtanna agus Bhulcsholad, rud a tharla go díreach mar thoradh ar dhrochfheidhmíocht an gheilleagair.

Tháinig méadú 12.8% go 725,665 ar líon na n-aonad lastais Ró-Ró, figiúr atá níos lú ná 1% níos ísle ná an méid is mó riamh a chuaigh tríd an gCalafort. Leis an bhfeidhmíocht seo, dearbhaítear gurb é Calafort Átha Cliath an príomhchalafort Ró-Ró sa tír. Bhí seirbhísí nua Ró-Ró CLdN go Zeebrugge agus Rotterdam mar thiománaí an fháis le linn 2010.

Trácht Paisnéirí Chalafort Bhaile Átha Cliath (líon na bPaisinéirí)

Ba ionann in 2010 fás ar thoirteanna coimeádán agus 1.1%, táirgeacht de 554,259 TEUanna.

Mar gheall ar thosú na seirbhísí lastais iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Béal an Átha cuireadh le stádas Chalafort Átha Cliath mar an calafort aontaithe is mó ar an oileán.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an éileamh ar na seirbhísí seo agus, in 2011, táimid ag dréim go mbainfear suas le 10,000 leoraí de na bóithre mar gheall ar iompar lastais ar iarnróid.

Tháinig laghdú 6.5% go 3.8m tonna ar iompórtálacha de tháirgí ola breosla (mótarbhreosla agus biotáille eitlíochta) le linn na bliana. In ainneoin an laghdaithe seo, tá Calafort Átha Cliath go fóill ar an gcalafort is tábhachtaí sa tír i dtaca le hiompórtálacha ola, nó is trí an gCalafort a thagann 50% den ola a éilítear go náisiúnta.

Maidir le Bulcsholaid, bhí laghdú 7% go 1.5m tonna ann i gcaitheamh na bliana mar gheall ar an laghdú leanúnach ar an éileamh ar ábhar tógála.

Tháinig méadú faoi dhó go 47,249 ar líon na gcarranna trádála a iompórtáladh trí Chalafort Átha Cliath in 2010. Bhí feidhmíocht láidir i ngnó na mbád farantóireachta do phaisinéirí nó tháinig méadú 17.6% ar líon na bpaisinéirí go 1.8m.

	2010	2009	% athraithe
Paisinéirí	1,763,691	1,499,306	17.6%
Carranna turasóireachta	381,547	349,565	9.1%

Mar aon le gnó na mbád farantóireachta, bhí Calafort Átha Cliath ar an gcalafort ba mhó sa tír maidir le cuairteanna ag longa cúrsála; tháinig 85 long cúrsála go dtí an chathair i gcaitheamh na bliana agus bhí 130,000 duine, idir turasóirí agus criú, ar bord.

Feidhmíocht Airgeadais

Ba ionann láimhdeachas don bhliain agus €67m, is é sin méadú 6.6% le hais na bliana roimhe sin. Bhí sé seo ag teacht, a bheag nó a mhór, leis na leibhéil ardaithe de thrádáil a tháinig tríd an gCalafort, mar atá léirithe thuas.

Bhí costais oibriúcháin 2.1% níos ísle, €36.4m, rud atá mar fhianaise láidir ar ghealltanas an Chomhlachta feidhmiú go héifeachtúil ar gach bealach ar fud na heagraíochta; tháinig laghdú 15% ar chostais oibriúcháin anuraidh.

Mar thoradh air sin, mhéadaigh an Brabús Oibriúcháin, roimh Mhíreanna Eisceachtúla Oibriúcháin, 19% go €30.5m agus tháinig meadú 17% go €37.8m ar Thuilleamh Roimh Dhímheas agus Amúchadh Ús Cánach (TRDAÚS). Luaitear TRDAÚS agus an muirear i dtaca le hOibriúcháin Eisceachtúla de €3.5m san áireamh, muirear a bhaineann le bearnú Infheistíocht Chomhfhiontair an Chomhlachta in Renore. Ríomhtar ar an dóigh seo a leanas é:

	2010	2009
	€'000	€'000
Brabús Oibriúcháin	27,031	25,647
Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin	3,500	-
Dímheas	7,876	7,267
Amúchadh Deontas Caipitiúil	(597)	(601)
TRDAÚS	**37,810**	**32,313**

I ndiaidh athbhreithniú cuimsitheach a bheith déanta ar ár n-infheistíocht i gCalafort an Ghrianfoirt tá soláthraithe againn le haghaidh muirear bearnúcháin de €3.5m sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais, rud a fhágann go bhfuil laghdú ar ghlanchostas iasachta ár n-infheistíochta ó €8.8m go €5.3m. Léiríonn sé sin tionchar an ghéarchor eacnamaíochta a raibh níos mó de dhrochthionchar aige ar chalafoirt bheaga na tíre, an Grianfort ina measc. Bhí Calafort an Ghrianfhoirt i gcónaí ag brath ar earnáil na mbulcanna ach tá laghdú mór tagtha ar an obair san earnáil foirgníochta.

Thíos faoi líne an Bhrabús Oibriúcháin, bhí drochthionchar ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais mar gheall ar laghdú eile de €0.5m ar luach na maoine infheistíochta atá ag an gComhlacht i bPáirc Gnó an Phointe Thoir. Is léiriú é seo ar na deacrachtaí leanúnacha atá sa mhargadh maoine.

Bhí sreabhadh airgid thirim oibriúcháin láidir in 2010. Laghdaíomar glaniasachtaí ó €39.1m go €30.3m agus san am céanna mhaoiníomar infheistíocht eile chaipitiúil de €7.8m agus cistiú pinsean de €6.5m.



Trádáil RoRo Chalafort Baile Átha Cliath
(Aonaid Lastais '000)

Forbairtí Margaidh

Ag deireadh mhí Eanáir 2011, chuir DFDS deireadh leis an dá sheirbhís laethúla go Learpholl agus leis an tseirbhís laethúil go Heysham mar gheall ar chaillteanas mór a rinne siad de thoradh rósholáthair sa mhargadh. Ba mhór an díomá a bhí orainn nuair a tharla sé seo ach ba chúiteamh éigin tosú na seirbhíse laethúla go Heysham ag Seatruck. Leis an tionscnamh seo de chuid Seatruck agus na hathruithe atá déanta ag oibritheoirí eile Ró-Ró ar a gcuid seirbhísí siúd, táim dóchasach go mbeimid in ann freastal ar riachtanais lucht loingseoireachta ar bhonn leanúnach i mBaile Átha Cliath agus nach dtiocfaidh aon laghdú suntasach ar an méid acu a thiocfaidh tríd an gCalafort.

Ionchais

Leis an bhfás láidir sa Chalafort is ríléir go bhfuil gá le pleananna fadtéarmacha le freastal ar an éileamh a bheidh ann amach anseo. Chuige sin, tá Máistirphlean á ullmhú againn a bheidh réidh faoi dheireadh 2011. Is é an cuspóir a bhaineann leis seo a léiriú conas is féidir le Calafort Átha Cliath 60m tonna a láimhseáil faoin mbliain 2040.



Tá an toilleadh agus an spriocdháta seo bunaithe ar stair an Chalafoirt. Idir 1950 agus 1980, tháinig fás ar an toilleadh a láimhseáil Calafort Átha Cliath ó 2.9m go 7.3m tonna. Cuireadh na hoibreacha deireanacha míntíriúcháin i gcrích, d'fhonn talamh an Chalafoirt a mhéadú, le linn na 1970í.

Sa tréimhse 30 bliain ina dhiaidh sin, 1980 go 2010, tháinig fás meánach de 4.7% in aghaidh na bliana ar an toilleadh, rud a fhágann gur 28.9m tonna an méid trádála a chuaigh tríd an gCalafort i mbliana.

Ag amharc chun cinn, dá mbeadh ráta measartha fáis de 2.5% ann in aghaidh na bliana, bheadh dúbláil ar thoilleadh an Chalafoirt go 60m tonna. Is léir nach dtig linn toilleadh chomh mór leis sin a láimhseáil i láthair na huaire, mar sin, caithfimid an chéad síniú mór eile leis an gCalafort a phleanáil.

Agus muid ag tógáil ar mhaithe leis an am atá le teacht, aithnímid go gcaithfimid riachtanais éagsúla pleanála agus comhshaoil, ar a laghad, a chomhlíonadh. Creidimid freisin, áfach, gur gá dúinn níos mó ná é sin a dhéanamh agus go gcaithfimid comhoibriú go dlúth le lucht na Cathrach agus le pobal na háite chun an Calafort a imeascadh níos fearr leis an timpeallacht nádúrtha agus leis an timpeallacht thógtha, agus san am céanna, cur le téarnamh geilleagrach na tíre trí thrádáil idirnáisiúnta marsantachta a éascú. Tá sé mar aidhm againn an méid sin a dhéanamh mar chuid den phróiseas mór comhairliúcháin atá ar bun againn mar chuid d'ullmhú ár Máistirphlean.

Cibé bealach a roghnaímid mar chuid den Mháistirphlean le forbairt a dhéanamh is cinnte go mbeidh sé costasach. Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath láidir ó thaobh airgeadais áfach, agus táimid muiníneach go mbeimid in ann cibé forbairtí a bheidh ag teastáil a mhaoiniú ónár gcuid cistí féin.

Focal scoir

Is dóigh linn go mbeidh fás leanúnach ann in 2011, ach ag leibhéal níos lú ná 2010. Tá Calafort Átha Cliath chomh rathúil sin mar gheall ar an áit a bhfuil sé lonnaithe, i lár an chuid is dlúithe de dhaonra an oileáin seo, agus mar gheall ar na naisc eisceachtúla atá againn leis na líonraí náisiúnta bóithre agus iarnród. Tá Baile Átha Cliath suite gar do na príomh-mhargaí agus bíonn seirbhísí loingseoireachta mar aon le bealaí iontaofa go dtí na margaí ar fáil do lucht iompórtála agus easpórtála ó réimse leathan de línéirí farantóireachta agus coimeádán. Tuigimid go maith an ról lárnach atá ag Calafort Átha Cliath in éascú na trádála marsantachta, rud ar fiú breis agus 80% d'olltáirgeacht intíre (GDP) na hÉireann é. Táimid tiomanta chun leanacht ar aghaidh leis an obair chun an Calafort a fhorbairt de réir na riachtanas geilleagrach agus tarraingt as ár gcistí féin leis an méid sin a dhéanamh.

Éamonn O'Reilly

Príomhfheidhmeannach

31 Márta 2011

03

Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Aithníodh riamh i gCalafort Átha Cliath, ní hamháin go bhfuil an Calafort mar chuid de phobal na háite, ach go bhfuil an pobal mar chuid den Chalafort.

Tá an pobal agus Calafort Átha Cliath fite fuaite ina chéile. Clúdaíonn an Calafort achar tuairim agus 640 acra agus tá na mílte post bunaithe air.

Is as an gceantar máguaird cuid mhaith díobh siúd atá fostaithe sa Chalafort agus is amhlaidh a bhí an scéal ag dul siar na glúine.

Nuair a bhíonn nasc chomh daingean sin i gceist, bíonn freagrachtaí ag baint leis freisin. Is mór ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath na freagrachtaí seo agus tá clár cuimsitheach Freagrachta Sóisialta Corparáidí againn a chlúdaíonn gach ceantar, daoine de gach aois agus gach gné de shaol an phobail.

Ba mhór an onóir gur aithníodh tacaíocht an Chomhlachta do réimse leathan clár spóirt, sóisialta agus oideachais mar chuid de ghradaim bhliantúla Chomhlachais Tráchtála na hÉireann um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach. Bronnadh na gradaim i mí Mheán Fómhair, agus bhí Comhlacht Chalafort Átha Cliath ar cheann den chúig chomhlacht a bhí ar an ngearrliosta don mhórghradam as Éachtaí i dtaca le Freagracht Shóisialta Chorparáideach, agus fuaramar moladh sa chatagóir 'Tiomantas Leanúnach don Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach'.

Oideachas

Bunaíodh clár scoláireachtaí Chomhlacht Chalafort Átha Cliath in 2001. Is é aidhm an chlár scoláireachtaí deiseanna oideachasúla a thabhairt do dhaoine i gceantar an Chalafoirt a mbíonn sé deacair orthu dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid oideachais bhunscolaíochta, mheánscolaíochta agus ollscolaíochta. Déantar é seo trí thacaíocht airgeadais a thabhairt. Le naoi mbliana anuas tá breis agus 430 sparántachtaí oideachais bronnta againn ar mhuintir na háite. Is fiú €573,000 na sparántachtaí seo. In 2010 bronnadh an méid is mó riamh sparántachtaí. D'éirigh le 81 iarratasóir a chuir isteach ar an gclár i ndiaidh go ndearna paineál neamhspleách measúnú orthu agus iad a chur faoi agallamh.

An tSochaí

Ionad Oiliúna Pobail Bhaile Átha Cliath Thoir-Theas

D'oscail Ruairí Quinn, Aire Saothair ag an am, Ionad Oiliúna Pobail Bhaile Átha Cliath Thoir-Theas, a raibh aithne air roimhe seo mar Cheardlann Oiliúna Pobail na Rinne, sa bhliain 1986. Bhí an cheardlann oiliúna lonnaithe an t-am sin i seanphictiúrlann an Regal sa Rinn go dtí gur aistríodh é go dtí an t-áitreabh ina bhfuil sé faoi láthair ar Shráid Chnoc na Lobhar agus gur cuireadh ainm nua air, Ionad Oiliúna Pobail Bhaile Átha Cliath Thoir-Theas (IOPBÁC).

Is é ról IOPBÁC oiliúint agus seirbhísí tacaíochta atá de dhíth go géar ar an bpobal a bhfuil sé mar chuid de agus a mbíonn sé ag freastal air a chur ar fáil. Déantar an méid sin ar bhealach a chruthaíonn timpeallacht shlán thacúil ina dtig le gach duine aonair foghlaim agus forbairt de réir a mianaigh, a riachtanas agus a gcumas féin. Cuireann an tIonad ceithre chúrsa ar fáil, mar atá Spórt agus Aclaíocht Shláinte-Bhunaithe, Miondíolaíocht, Gnáthaimh Oifige agus Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí. Cuireann sé ar fáil freisin tacaíocht litearthachta agus uimhearthachta agus ranganna ullmhúcháin don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht. Bíonn an tIonad ag freagairt do riachtanais phobal na háite a bhíonn dúshlánach agus ag athrú i gcónaí.

Creideann Denis Murphy, Ardbhainisteoir, gurb é príomhról an Ionaid cuidiú le muintir óga na háite cáilíochtaí a bhaint amach de réir an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí, rud a chuireann lena bhféinmhuinín agus a leathnaíonn amach bealach an oideachais, na hoiliúna agus na fostaíochta dóibh.

Bhí ról ríthábhachtach ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath i bhforbairt an IOPBÁC agus mar gheall ar an tacaíocht a thugaimid, cinntítear go mbíonn an tIonad in ann maireachtáil agus oiliúint de cháilíocht a chur ar fáil do dhaoine a fhágann an scoil go luath i gceantar de chuid Bhaile Átha Cliath ina raibh géarghá lena leithéid leis na scórtha bliain.

Ar an ionchur a bhí ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath bhí:

- Maoiniú don chúrsa Spóirt agus don chúrsa Aclaíochta Sláinte-Bhunaithe trí urraíocht le haghaidh cultacha spóirt, geansaithe peile agus trealamh eile spóirt;
- Soláthar ríomhairí nua; agus
- Bunú suíomh gréasáin www.dsectc.ie agus leathanach ar Facebook.

Ringsend and District Response to Drugs (RDRD)

Tá an Comhlacht ag tabhairt tacaíochta do Ringsend and District Response to Drugs (RDRD) ó bunaíodh é sa bhliain 1995 mar ghrúpa pobalbhunaithe le freagairt ar fhadhb na ndrugaí i gceantair Shráid an Phiarsaigh agus na Rinne. Bíonn an tacaíocht a thugaimid ina chuidiú ag RDRD dul i ngleic le ceist na ndrugaí go háitiúil trí réimse clár géarchéime idirghabhála agus trí chláir thacaíochta d'andúiligh agus do theaglaigh.

Le deireanas, chuidigh Comhlacht Chalafort Átha Cliath le RDRD teach tearmainn a cheannach i gContae Loch Garman agus caitheann teaghlaigh a bhíonn ag plé leis an andúil i ndrugaí an deireadh seachtaine ann. Mar thoradh air seo tá grúpaí eile pobail i ndiaidh iarratais a dhéanamh chun úsáid a bhaint as an teach dá gcuid cúrsaí féin, rud atá i ndiaidh an tuiscint atá acu ar obair RDRD agus an caidreamh atá acu leis an eagraíocht a fheabhsú. Go dtí seo tá breis agus 20 grúpa i ndiaidh úsáid a bhaint as an teach le haghaidh gníomhaíochtaí mar shosanna do thuismitheoirí, do ghrúpaí de cliaint RDRD agus do shosanna deireadh seachtaine do dhaoine scothaosta. Gan aon amhras, is áis thábhachtach í don phobal níos leithne.

Rinn Voyager

Tá tairbhe bainte as an tacaíocht leanúnach a thugann Comhlacht Chalafort Átha Cliath maidir leis an mbád seoil, Rinn Voyager, a bhíonn in úsáid ag grúpaí pobail i mBaile Átha Cliath le haghaidh clár oideachais agus athshlánaithe trí oiliúint sa tseoltóireacht a chur ar fáil. Go dtí seo tá breis agus 700 duine ó 88 grúpa i ndiaidh 90 turas a dhéanamh ar an mbád, rud a chuidíonn leo tréithe éagsúla pearsanta a fhorbairt, mar shampla, an cumas oibriú mar chuid d'fhoireann agus féinmheas níos mó a fhorbairt.

Spórt

Ar na tionscnaimh spóirt ar thug Comhlacht Chalafort Átha Cliath tacaíocht leo in 2010 bhí sainfhoireann cóitseála a sholáthar i gClub CLG Chlann na nGael Fontenoy d'fhonn an caighdeán imeartha sa chlub a ardú agus cúrsaí spóirt a chur chun cinn i measc an phobail.

Mar gheall ar an gcomhpháirtíocht seo, tá an club in ann áiseanna cóitseála agus traenála a chur ar fáil d'fhoireann mac léinn as Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mar mhalairt ar ranganna teagaisc iarscoile don mhuintir óga sa cheantar. Mar gheall ar an tacaíocht leanúnach ó Chomhlacht Chalafort Átha Cliath, tá níos mó imreoirí maithe páirteach sa chlub agus tá na foirne i ngach sraith i ndiaidh bogadh suas na táblaí.

Tá éirithe go speisialta maith le foireann pheil na mban nó bhain siad stádas Sinsearach amach nuair a thug siad leo an chraobh Idirmheánach i mbliana. Rinne an fhoireann Shinsearach iománaíochta an t-éacht céanna dhá bhliain ó shin. Chomh maith le meantóireacht agus cóitseáil a chur ar fáil do bhreis agus 1,100 imreoir gach seachtain, tuairiscítear go mbíonn níos mó tuismitheoirí ná riamh páirteach sna himeachtaí spóirt.

For-rochtain Idirnáisiúnta

Le trí bliana anuas tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath páirteach in imeachtaí de chuid Chúnamh Éireann, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, chun cuidiú le hoibritheoirí calafoirt i dtíortha atá i mbéal forbartha cur lena n-acmhainneacht agus tacaíocht a thabhairt le forbairt gheilleagrach a dtíortha féin. Tá líonra oiliúna bunaithe faoi choimirce Chomhdháil na Náisiún Aontaithe um Thrádáil agus Forbairt (CNATF). Is é príomhaidhm an chláir tacú le pobail na gcalafort a gcuspóir a ghnóthú, mar atá forbairt gheilleagrach trí sheirbhísí éifeachtúla, iomaíocha calafoirt a chur ar fáil a éascaíonn an trádáil agus a fhreastalaíonn ar riachtanais a gcuid custaiméirí.

Tá ocht modúl sa Chlár Oiliúna Calafort a dhíríonn ar na príomhfheidhmeanna agus ar na scileanna bainistíochta a bhaineann go díreach le hoibritheoirí calafoirt. Tá an clár seo dírithe ar mheánbhainisteoirí a bhfuil Béarla acu a bhíonn ag obair i gcalafoirt i dtíortha atá i mbéal forbartha san Afraic agus san Áise.

Leis an Teastas CNATF i mBainistíocht Chalafort a bhaint amach caithfidh na rannpháirtithe pas a bhaint amach i ngach ceann den ocht modúl agus tráchtas a scríobh ar ábhar éigin a bhaineann le calafoirt. Go dtí seo tá oiliúint curtha ar 117 meánbhainisteoirí as calafoirt sna tíortha rannpháirteacha. Cé gurb é Cúnamh Éireann a chuireann an chuid is mó den mhaoiniú ar fáil don chlár seo, cuireann Comhlacht Chalafort Átha Cliath méid áirithe isteach sa chiste freisin, agus níos tábhachtaí arís, cuirimid sainfhoireann ar fáil a chuidíonn leis an gclár a theagasc. Is clár sainiúil atá ann mar cuireann na calafoirt sna tíortha a bhaineann tairbhe as méid áirithe isteach sa chiste fresiin ar bhonn bliantúil.

04

Cúrsaí Comhshaoil

Ba bhliain mhór í ag Calafort Átha Cliath maidir le bainistíocht agus tionscnaimh Chomhshaoil. De réir ár ngealltanais i dtaca le ISO 14001 rinne an t-eagras neamhspleách idirnáisiúnta a bhronnann an stádas, Bureau Veritas, dhá iniúchadh orainn. Bhí an dá thuarascáil iniúchta an-mholtach maidir leis na gnáthaimh agus na próisis atá i bhfeidhm, ní hamháin leis an gcaighdeán a choinneáil, ach le dul i bhfeabhas freisin trí iarrachtaí forghníomhacha leanúnacha an Chomhlachta, rud a bhí léirithe ag an infheistíocht chaipitiúil a rinneadh agus tiomantas na foirne don timpeallacht.

Chuir Comhlacht Chalafort Átha Cliath isteach ar athdhearbhú de réir Chóras Athbhreithnithe Comhshaoil na gCalafort, córas a bhaineann leis an bhfondúireacht Ecoports.

I gcomhar le Coiste ESPO (Eagras Chalafoirt na hEorpa) um Fhorbairt Inbhuanaithe agus le IAPH (Cumann Idirnáisiúnta na gCalafort agus na gCuanta) ina ról mar bhainisteoirí na hEorpa ar Thionscnamh Aeráide Chalafoirt an Domhain, bhí Comhlacht Chalafort Átha Cliath iontach gníomhach ag tabhairt tacaíochta le tionscnaimh chomhshaoil agus lena dtionscnamh agus lena gcur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin mar gheall ar an taithí atá ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath i dtaca le forbairt inbhuanaithe agus cúram comhshaoil, táimid ag cuidiú le ESPO athdhréachtú a dhéanamh ar an Treoir um Dhea-Chleachtas Comhshaoil i mBainistiú Calafort.

Bíonn an inbhuanaitheacht, bainistiú acmhainní agus laghdú an lorg carbóin i gcónaí chun cinn inár n-aigne agus in 2010 críochnaíodh na rialuithe nua a oibríonn na soilse arda ag Críochfort 1, Críochfort 5 agus Céim 1 de Ché Alexandra Thoir. Mar gheall ar an ngníomh seo chun fuinneamh a chaomhnú, tá laghdú de thart ar 150,000 Cileavatuair á bhaint amach ar bhonn bliantúil. Rinneadh buntástáil ar shoilsiú sráide le LEDanna a chaitheann níos lú fuinnimh in 2010 agus ag éirí as sin, déanfar athnuachan ar chuid de Bhóthar Ché Tolka i lár 2011.

Le teacht leis an tionscnamh seo, agus d'fhonn tíosacht níos mó arís a bhaint amach ó thaobh leictreachais agus carbóin, tá meaisíní chun luas na n-inneall ar Rampa 1 agus 5 a rialú curtha i bhfeidhm, rud a laghdaíonn an méid fuinnimh a chaitear ar thart ar 70,000 Cileavatuair in aghaidh na bliana.

D'fhonn na féidearthachtaí a bhaineann le níos mó coigiltí carbóin a bhaint amach, lonnaíodh crann ar a bhfuil ainéimiméadar gaoithe agus braiteoir gréine ag Críochfort 1. De réir na léamh gaoithe go dtí seo, bheadh tuirbín gaoithe oiriúnach don áit seo agus tá sé de rún againn aonad píolótach 11 Cileavat a lonnú ann i lár 2011. Tá trialacha forghníomhacha eile déanta le hastuithe a laghdú, mar shampla ceannaíodh dhá veain leictreacha. Ar an drochuair, níor oibrigh siad chomh maith agus a bhí DPC ag súil, ach tá fonn orainn go fóill feithiclí leictreacha eile a fhiosrú. Bhí an Comhlacht chun cinn ina ról ceannasaíochta, rud a léiríodh nuair a fuaramar trucail nua ar a bhfuil crann tógála. Ba í an chéad fheithicil den sórt sin í in Éirinn agus sa Bhreatain, í feabhsaithe ag Renault go speisialta ar mhaithe leis an gcomhshaol.

Bíonn bainistíocht uisce i gcónaí idir lámha againn agus laghdaíodh arís eile ar úsáid uisce faoi dheireadh na bliana ó 10 líotar/soicind go dtí 5.5 líotar/soicind, is é sin feabhsú 45%. Baineadh an méid seo amach mar gheall ar dhiongbháilteacht na foirne rialaithe uisce mar aon le hinfheistíocht sa trealamh silte uisce is fearr dá bhfuil le fáil agus oiliúint ina úsáid. D'fhonn an scéal a choinneáil mar atá, agus, go deimhin, é a fheabhsú, tá infheistíocht bhreise déanta againn, le comhoibriú ó phobal an eastáit agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i dtrealamh lenar féidir na méadair ar fad in eastát an Chalafoirt a léamh go cianda. Beidh sé i bhfeidhm faoi dheireadh Ráithe 1 2011.

Tá bainistíocht dramhaíola den riachtanas agus cuireadh leis seo tríd an dramhaíl sna Críochfoirt, sna hoifigí agus sna bialanna a scaradh níos fearr agus trí dramhaíl foirgníochta agus scartála a scaradh. Sa tréimhse 2010 laghdaíodh an méid dramhaíola a cuireadh chuig láithreáin líonta talún ó ghníomhaíochtaí in eastát Chomhlacht Chalafort Átha Cliath nach mbaineann le tionscadail agus baineadh amach ráta athchúrsála de 83%. Chuir tionscnaimh nua na foirne go mór leis na hiarrachtaí leis an toradh seo a bhaint amach. As seo amach tá sé de rún againn aird a athdhíriú ar scaradh dramhaíola agus 90% an sprioc atá againn i dtaca leis an ráta athchúrsála in 2011.

Leis na tionscnaimh ríthábhachtacha seo, bíonn Comhlacht Chalafort Átha Cliath ag bainistiú timpeallacht an Chalafoirt ar bhonn leanúnach de réir Pholasaí Comhshaoil an Chalafoirt atá daingnithe ag an bPríomhfheidhmeannach. Baintear an méid seo amach trí na gnáthaimh go léir atá leagtha amach sa Lámhleabhar Bainistíochta Comhshaoil le fócas ar leith ar Ghnéithe agus ar Thionchair an Chalafoirt. Tá moladh mór ag dul, ní hamháin don Fhoireann Chomhshaoil, ach don fhoireann uile i gComhlacht Chalafort Átha Cliath as a gcuid tiomantais agus dár gcustaiméirí go léir in eastát an Chalafoirt a d'éascaigh na hiniúchta comhshaoil ar fad agus a ghníomhaigh de réir na moltaí a tháinig astu.

05

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí ag cur a dTuarascála Bliantúla isteach in éineacht le ráitis iniúchta airgeadais an Chomhlachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Freagracht na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe cuí na hÉireann agus an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Ginearálta in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna fhoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilítear le dlí na gCuideachtaí in Éirinn go n-ullmhóidh Stiúrthóirí ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann léargas cruinn, cothrom ar riocht airgeadais an Chomhlachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Chomhlachta sa tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, éilítear ar Stiúrthóirí:

- Polasaithe fóirsteanacha cuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- Breithniúnais agus meastúcháin a dhéanamh atá réasúnach, cúramach; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbeadh sé míoiriúnach a bheith den tuairim go leanfaidh an Comhlacht air i mbun gnó.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad na riachtanais thuasluaite agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil a nochtann go réasúnta cruinn in am ar bith riocht airgeadais an Chomhlachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go bhfuil siad de réir Acht na gCuanta, 1996 agus Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní an Chomhlachta a chosaint agus, mar sin de, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun aon chalaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Éilítear ar na Stiúrthóirí freisin ráiteas a chur sa Tuarascáil Bhliantúil ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais de réir na riachtanas sa Chód Cleachtais um Rialú Foras Stáit.

Stádas Dlíthiúil

Is comhlacht le dliteanas teoranta é Comhlacht Chalafort Átha Cliath a bunaíodh de bhun Acht na gCuanta, 1996. Ar 3 Márta 1997 tháinig an Comhlacht i gcomharbacht mar aonán ar Bhord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath, an t-iaraonán reachtúil a bhí freagrach as Calafort Átha Cliath. Ar an data sin, ghlac Comhlacht Chalafort Átha Cliath air féin feidhmeanna an eagrais a tháinig roimhe agus fuair a chuid sócmhainní agus dliteanas ar luach a comhaontaíodh leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am. Mar chomaoin as na sócmhainní agus na dliteanais, d'eisigh an Comhlacht scaircháipiteal arbh fhiú €7.648m é don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am.

Le héifeacht ón 26 Iúil 1997, bunaíodh an Comhlacht mar an t-údarás píolótaíochta i gCuan Bhaile Átha Cliath.

Aistríodh an fhreagracht a bhí ar an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha as Earnáil an Chalafoirt Thráchtála go dtí an tAire Iompair le héifeacht ón 1 Eanáir 2006.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é cuspóir gnó Chomhlacht Chalafort Átha Cliath gluaiseacht earraí agus paisinéirí tríd an gCalafort a éascú, mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann leo.

Cuireann an Comhlacht ar fáil bonneagar, saoráidí, seirbhísí agus áiteanna crua-sheasta chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí chun gur féidir earraí agus paisinéirí a aistriú go héifeachtúil idir modhanna iompair ar tír agus ar muir.

Gintear ioncam trí sholáthar na saoráidí seo, mar atá dliteanais ar shoithigh, dliteanais ar earraí, cíos agus seirbhísí lárnacha mar tharraingt agus píolótaíocht a chur ar fáil.

Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

Gnóthas Leantach

Tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil go leor acmhainní ag an gComhlacht chun leanacht ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Mar gheall air sin, is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo.

Leabhair Chuntais

Tá bearta curtha i bhfeidhm ag na Stiúrthóirí chun a chinntiú go bhfuil dualgais an Chomhlachta faoi Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 comhlíonta maidir le leabhair chearta chuntais a choinneáil. Is iad na bearta sin ná úsáid a bhaint as na córais agus na nósanna imeachta cuí agus foireann chumasach chuntasaíochta a fhostú. Is in oifig chláraithe an Chomhlachta a choinnítear na leabhair chuntais, Lárionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

Athbhreithniú Gnó

Tá sonraí ar an mbrabús don bhliain, mar aon le figiúirí comparáideacha don bhliain 2009, leagtha amach sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ar leathanach 37 agus sna nóta a ghabhann leis. Tá Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais leagtha amach thíos agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar leathanach 10.

Tháinig fás 6.1% ar an méid trádála a tháinig tríd an gCalafort ó 26.5 milliún tonna in 2009 go 28.1 milliún tonna in 2010 agus bhí fás mór san earnáil aontaithe a bhaineann le 80% den ghnó a rinneadh. Bhí fás mór ar easpórtálacha go háirithe le linn na bliana, 12.2%.

Ba ionann láimhdeachas don bhliain agus €67m, méadú de 6.6% le hais na bliana roimhe sin (2009:€62.9m).

Thit na costais iomlána oibríochta, roimh Mhíreanna Eisceachtúla Oibríochta, go €36.4m in 2010 ó €37.2m in 2009. Ba é an phríomhchúis a bhí leis sin an laghdú ar chostais mar gheall ar tháillí gairmiúla a bheith níos ísle.

Mhéadaigh an Brabús Oibríochta go €27m in 2010 ó €25.6m in 2009, rud a d'fhág go raibh Corrlach Oibríochta de 40.4% ann (2009:40.8%). 45.6% an Corrlach bunúsach Brabúis Oibríochta, roimh Mhíreanna Eisceachtúla Oibríochta, don bhliain 2010.

Laghdaigh glanchostais airgeadaithe go €2.4m in 2010 ó €3.2m in 2009. Ba é an phríomhchúis a bhí leis sin an costas laghdaithe ar airgeadú an easnaimh sa chiste pinsean a d'éirigh as toradh níos mó ná mar a raibh súil leis as sócmhainní na scéime pinsean. €1.6m an glanmhuirear úis (2009:€1.5m) agus is ionann cumhdach úis an Chomhlachta agus 16.7 (2009:16.8). Tháinig laghdú ar an nglanfhiachas ó €39.1m in 2009 go €30.3m agus tá an Comhlacht ag déanamh de réir na gcúnant go léir atá againn i dtaca lenár saoráidí iasachtaíochta.

Ba é an brabús don bhliain airgeadais €20.5m (2009:€14.5m). Tá muirear de €3.5m san áireamh don fhigiúr don bhliain 2010 maidir le bearnú na hinfheistíochta comhfiontair in Renore. Chomh maith leis sin tá muirear de €0.5m san áireamh san fhigiúr do 2010 maidir le laghdú buan eile arís ar luach maoine infheistíochta atá ag an gComhlacht. Bhí muirear de €3.9m san áireamh i bhfigiúr 2009 maidir le lagdhú buan ar luach na maoine céanna seo.

Tháinig méadú ar an gCúlchiste Brabúis agus Caillteanais ó €224.9m ar 31 Nollaig 2009 go €232.0m agus mhéadaigh Cistí na Scairshealbhóirí ó €238.3m go €245.3m sa tréimhse chéanna.

Is é 28.4 milliún tonna an sprioc atá ag an gComhlacht don bhliain 2011 maidir leis an méid trádála a théann tríd an gCalafort. 28.1 milliún tonna an méid a chuaigh tríd sa bhliain 2010, 6.7% níos mó ná an sprioc a bhí ann, 26.3 milliún tonna.

Cúrsaí Comhshaoil

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta chun an caighdeán is airde a bhaint amach i dtaca le feidhmíocht chomhshaoil de; tá creidiúint ISO 14001 againn agus táimid creidiúnaithe le EcoPorts trí dhearbhú PERS. Tá tuairisc ar Chúrsaí Comhshaoil le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar leathanach 19.

Cúrsaí Fostaithe

Tháinig laghdú arís eile in 2010 ar líon na ndaoine atá fostaithe ag an gComhlacht. Mar gheall air sin agus na hathbhreithnithe leanúnacha ar gach réimse de ghníomhaíochtaí na heagraíochta, bhí an Comhlacht in ann a chinntiú gur tháinig laghdú ar ár gcuid costas agus feabhas ar gach gné dár gcuid oibríochtaí; leagadh bunchloch a dtógfar uirthi maidir lenár gcuid éifeachtúlachta amach anseo.

Chomh maith leis an obair sin, tá fócas leanúnach, spriocdhírithe againn ar Oiliúint agus Forbairt agus ar thionscnaimh bhainistíochta feidhmíochta a fhorbairt níos mó. Ciallaíonn sé sin go bhfuil muid ag déanamh cinnte de go bhfuil an Comhlacht dírithe ar fhorbairt leanúnach agus ar ár n-acmhainneacht.

Tá na tionscnaimh thuasluaite seo á ndéanamh mar chuid den athbhreithniú ar Acmhainní Daonna a rinne comhairleoirí seachtracha go luath in 2010 ar ghlac an Comhlacht lena dtorthaí. Cinnteoidh sé sin go bhfuil cúrsaí fostaithe mar chroílár phlean agus straitéis an Chomhlachta agus cinnteofar go mbeidh a páirt féin ag an Rannóg Acmhainní Daonna le Straitéis agus Máistirphlean an Chomhlachta 2010-2040 a chomhlíonadh.

Tá Ballraíocht sa Scéim Pinsean le Ranníocaíochtaí Sainithe ag dul i méid i gcónaí agus tá breis agus 14% fostaí ina mbaill di.

Príomhrioscaí agus Príomhéiginnteachtaí

Ar cheann de na príomhéiginnteachtaí a luaíodh i dtuarascáil an Chomhlachta anuraidh bhí an moladh chun cur le himeall Thuaidh-Thoir an Chalafoirt (Moladh Thairseach Bhaile Átha Cliath). Cuireadh iarratas sonraithe pleanála agus Ráiteas Tionchair Chomhshaoil isteach chuig An mBord Pleanála i mí Lúnasa 2008 faoin Acht um Bonneagar Straitéiseach. Phleanáil an Comhlacht an t-iarratas seo chun dul i ngleic le heasnaimh fhadtéarmacha acmhainneachta. I mí an Mheithimh 2010 dhiúltaigh An Bord Pleanála cead pleanála a thabhairt don síniú a bhí molta. Tá an Comhlacht i mbun próiseas máistirphleanála faoi láthair a bhfuil comhairlúchán foirmiúil leis na páirtithe leasmhara ar fad mar chuid de. Is é is aidhm leis seo treochlár a leagan amach i dtaca leis an bhforbairt amach anseo, rud a chinnteoidh go mbeidh an Calafort in ann an príomhról atá aige a chomhlíonadh, mar atá an trádáil a éascú, agus aghaidh a thabhairt ar chúrsaí comhshaoil san am céanna. Beidh treo le fáil maidir leis an dóigh a mbeidh an Calafort in ann imeascadh leis an bpobal sa cheantar máguaird agus leis an gcuid eile den Chathair sna blianta atá romhainn.

Mar a léiríodh leis an titim ar thrádáil sa dara leath de 2008 agus in 2009 tá an Comhlacht agus ár gcuid gníomhaíochtaí faoi thionchar an lagtrá eacnamaíochta. In 2010 tháinig fás arís ar ghníomhaíochtaí an Chomhlachta, fás a bhí chomh mór sin go raibh leibhéal na trádála a chuaigh tríd an gCalafort le linn na bliana níos mó ná 90% de na leibhéil a baineadh amach in 2007, na leibhéil ab fhearr riamh. Mar sin féin, beidh tionchar ag ionchais i dtaca le geilleagar na hÉireann trí chéile ar ionchais fáis an Chomhlachta sa todhchaí.

Bíonn tionchar ag an lagtrá eacnamaíochta ar ghníomhaíochtaí neamhlárnacha an Chomhlachta freisin. Tá an laghdú eile arís a tháinig ar luach na maoine atá ag an gComhlacht mar infheistíocht i bPáirc Gnó an Phointe Thoir mar fhianaise air sin nó is léiriú é den chor chun donais sa mhargadh maoine, go háirithe i mBaile Átha Cliath. Tá an laghdú seo, arb ionann agus €0.5m é, áirithe sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais mar Mhír Eisceachtúil. Is ionann an laghdú carnach ar luach na maoine le trí bliana anuas agus €5.7m, rud a chiallaíonn go bhfuil glanluach na maoine laghdaithe go €5.25m ar Chlár Comhardaithe an Chomhlachta.

Ar an dóigh chéanna tá athbhreithniú déanta ag an gComhlacht ar ghlanluach ár gcuid infheistíochta in Renore, comhlacht comhfhiontair ar leis cuideachtaí calafoirt Greenore. Is léiriú iad na cúinsí trádála ina raibh Renore ag feidhmiú ar chúinsí deacra dúshlánacha eacnamaíochta na hÉireann trí chéile. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo tá an infheistíocht díluacháilte ag an gComhlacht go dtí an méid atá inghnóthaithe trí mhuirear bearnúcháin de €3.5m a áireamh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais. Tá glanluach na hinfheistíochta laghdaithe go €5.3m.

Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

Tá an Comhlacht tiomanta chun neamhchosaint ar rioscaí a bhainistiú go rathúil agus chun an drochthionchar a imríonn an neamhchosaint orainn ár gcuspóirí gnó a bhaint amach a íoslaghdú. Tá Polasaí Bainistithe Riosca an Chomhlachta agus Clár na Rioscaí faofa ag an gCoiste Iniúchta. Is é atá i gceist leis an bPolasaí seo an cleachtas is fearr a chur i bhfeidhm agus rioscaí á sainaithint, á measúnú agus á rialú chun a chinntiú go scriostar ar fad iad nó go laghdaítear iad go leibhéal inghlactha.

Tá Creat Bainistithe Riosca curtha i bhfeidhm ag an gComhlacht atá comhdhéanta de na gnéithe seo a leanas:

- Próisis chun rioscaí a shainaithint, a chur in ord tosaíochta agus a rangú;
- Measúnú leanúnach agus tomhas rioscaí; agus
- Monatóireacht ar rioscaí agus tuairisc orthu a thabhairt don Choiste Iniúchta ina fheidhm mar fhochoiste den Bhord.

Chomh maith leis sin, déantar feidhmíocht fhoriomlán ghnó a bhainistiú trí na bearta seo a leanas:

- Buiséad Bliantúil agus Pleananna Airgeadais Chúig Bliana a ullmhú;
- Tuairisciú Míosúil agus Anailís ar Athraitheas;
- Rialuithe Airgeadais;
- Príomhtháscairí Feidhmíochta; agus
- Polasaithe, Caighdeáin, Treoirlínte Sonraithe mar thaca le rialú agus maolú rioscaí.

Bainistiú Riosca Airgeadais

Mar gheall ar oibríochtaí an Chomhlachta, bíonn sé neamhchosanta ar éagsúlacht rioscaí airgeadais lena n-áirítear na rioscaí a bhaineann le malartú airgeadra, rátaí úis, creidiúint agus leachtacht agus sreabhadh airgid thirim. Déantar athbhreithniú go rialta ar na polasaithe atá ann chun an Comhlacht a chosaint ar rioscaí airgeadais. Níl aon fhreagracht as monatóireacht ar bhainistiú rioscaí airgeadais tarmligthe ag na Stiúrthóirí chun fochoiste den Bhord. Is é an Bord Stiúrthóirí a cheapann na Polasaithe agus is í Roinn Airgeadais an Chomhlachta a chuireann i bhfeidhm iad.

Riosca Malartaithe Airgeadra

Is in Euro is mó a dhéanann an Comhlacht ár gcuid beart gnó agus mar sin de, is beag an neamhchosaint atá ann ar athruithe ar airgeadra eachtrannach. Is in Euro, go díreach, a fhaigheann an Comhlacht iasachtaí freisin.

Riosca Rátaí Úis

D'fhonn neamhchosaint an Chomhlachta ar dhrochathruithe suntasacha ar rátaí úis a bhainistiú, tá sé mar pholasaí againn rátaí seasta úis a bheith i gceist le 60%, ar a laghad, dár bhfiacha (2009:60 faoin gcéad). D'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach, tá comhshocruithe babhtála/caidhpeála i bhfeidhm againn maidir le rátaí úis.

Riosca Creidiúnaithe

Bíonn an Comhlacht neamhchosanta ar riosca creidiúnaithe agus sinn i mbun trádála agus chun an riosca seo a bhainistiú, déanaimid seiceálacha cuí creidiúnaithe ar chustaiméirí féideartha agus ní bhímid ag trádáil ach amháin le tríú páirtithe a n-aithnímid iad a bheith daingean ó thaobh creidiúnaithe de.

Riosca Leachtachta agus Sreabhadh Airgid Thirim

Coinníonn an Comhlacht meascán de mhaoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach fiach againn féin chun a chinntiú go mbíonn go leor maoinithe ar fáil le haghaidh na hinfheistíochta caipitiúla a bheartaítear. Ag deireadh 2010 bhí saoráidí tiomanta de €20 milliún i bhfeidhm ag an gComhlacht nár baineadh díobh. Chuir an Comhlacht saoráid iasachtaíochta i bhfeidhm in 2009 in áit ár gcuid fiach agus ar mhaithe le cur leis an tréimhse ama a bhaineann leo. Tá an tsaoráid seo le haisíoc faoi Mheán Fómhair 2012.

Is é atá mar pholasaí ag an gComhlacht torthaí ár gcuid infheistíochtaí a uasmhéadú trí aon iarmhairtí airgid thirim sa bhreis a chur i dtaisce airgid thirim a mbaineann riosca íseal leis ar bhonn gearrthéarmach. Tá sainordú cistíochta i bhfeidhm ag an gComhlacht le roinnt institiúidí airgeadais chun na críche sin.

Imeachtaí i ndiaidh an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imeacht ann idir dáta an Chláir Chomhardaithe agus an dáta ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais.

Forbairtí Amach Anseo

Tá Clár buiséadaithe Infheistíochta Caipitiúla de €15 milliún ag an gComhlacht le haghaidh 2011. Áirítear leis an gClár Infheistíochta Caipitiúla atá beartaithe:

- Duga Uimhir 1 Bhalla na Cé;
- Forbairt Ché Alex Thoir, Céim 3;
- Príomhlíne dhóiteáin; agus
- Nasc iarnróid le Cé Alex.

Torthaí agus Díbhinní

Ba é brabús an Chomhlachta don bhliain airgeadais €20.5m. Is mar seo a leanas a rinne na Stiúrthóirí leithdháileadh agus moltaí maidir leis an méid seo:

	€'000
Díbhinn Eatramhach de €0.475 in aghaidh na scaire a íocadh	5,500
Méadú ar an mBrabús a Coinníodh	15,034
Brabús don Bhliain Airgeadais	**20,534**

Níl sé de rún ag na Stiúrthóirí díbhinn deiridh a fhógairt.

Leas na Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Ní raibh aon leas do na Stiúrthóirí ná don Rúnaí ná dá gcuid teaghlach ag baint le scairchaipiteal an Chomhlachta ar 31 Nollaig 2010 agus 2009.

Ní raibh aon chonradh ná comhshocrú suntasach ann maidir le gnó an Chomhlachta ná gnó an Chomhlachta ghaolmhair a raibh leas ag baint leis do na Stiúrthóirí ná don Rúnaí ná dá gcuid teaghlach, de réir mar a shainmhínítear in Acht na gCuideachtaí, 1990.

Comfhiontar

Tá an leas dúinn a bhaineann le Comhfhiontar leagtha amach go sonrach i nóta 11 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

An tAcht um Íocaíochtaí Prasa

Tá sé mar pholasaí ag an gComhlacht soláthróirí a íoc de réir théarmaí Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha i mBearta Tráchtála, 2002 agus de réir Acht na nÍocaíochtaí Prasa, 1997.

Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

Chun na críche sin, déanann an Comhlacht íocaíochtaí ar bhealach a dhearbhaíonn, go réasúnta, nach mbímid thíos leis mar gheall ar neamh-chomhlíonadh ábharach na Rialachán. 30 lá an ghnáth-thréimhse chreidiúnaithe, ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt i gcomhshocruithe conartha. Go substaintiúil, rinneadh gach íocaíocht, de réir lín agus luacha, laistigh den tréimhse chuí chreidiúnaithe de réir mar a éilíodh. Mar thoradh air sin, tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil riachtanais an Achta comhlíonta ag an gComhlacht.

Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na ndaoine sin a bhí mar Stiúrthóirí aon am i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010 leagtha amach thíos. Muna ndeirtear a mhalairt, bhí siad ina Stiúrthóirí ar feadh na bliana ar fad.

L McCaffrey
E O'Reilly (Ceaptha 16 Lúnasa 2010)
T Hussey (D'éirigh as 25 Samhain 2010)
B W Kerr
J Kiersey
P Magner
J Moore
C Rochfort

Caidreamh le Scairshealbhóirí

Bíonn an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus na bainisteoirí i mbun plé leanúnaigh le scairshealbhóirí an Chomhlachta maidir le feidhmíocht trádála, pleananna don todhchaí agus ceisteanna straitéiseacha. Bíonn cead de dhíth ón Aire Iompair agus/nó ón Aire Airgeadais maidir le ceisteanna áirithe sonraithe agus bítear i dteagmháil leanúnach leis an Aire cuí tríd an roinn chuí. Cuireann an Cathaoirleach tuairiscí chuig an Aire Iompair, de réir mar a éilítear le hAlt 28 d'Acht na gCuanta 1996, agus de réir mar a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Foras Stáit.

Rialachas Corparáideach

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta chun an caighdeán is airde a bhaint amach i rialachas corparáideach agus tá glactha againn leis na prionsabail rialachais chorparáidigh agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Foras Stáit arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009. Déanann an Comhlacht, freisin, de réir a chuid dualgas faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Is Stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha iad formhór na Stiúrthóirí agus is é an tAire a cheap iad. Tagann an Bord le chéile go foirmiúil ar bhonn míosúil agus bíonn sceideal foirmiúil ceisteanna ann a gcaithfidh an Bord féin go sonrach cinneadh a dhéanamh mar gheall orthu. Is é an Bord atá freagrach as cumhachtaí uile an Chomhlachta a fheidhmiú, seachas iad sin atá ag na Scairsealbhóirí amháin, agus is é an Bord atá freagrach as oibríochtaí uile an Chomhlachta. Féadfaidh an Bord na cumhachtaí aige a tharmligean, de réir mar a oireann, chuig Coiste Boird nó chuig an bPríomhfheidhmeannach, faoi réir cibé srianta nó rialúchán a chuireann sé féin i bhfeidhm mar chuid den tarmligean sin. Faoi réir chead an aire i gcásanna áirithe, tá cead foirmiúil tugtha ag an mBord cinntí a fhorchoimeád i dtaca le feidhmeanna áirithe sna réimsí seo a leanas: Rialú, Airgeadas, Soláthar, Oibríochtaí agus Ceapúcháin Acmhainní Daonna. Bíonn fáil ag an mBord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Chomhlachta agus is féidir leo comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil nuair a mheastar gá a bheith lena leithéid.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchta i 1997 faoi théarmaí foirmiúla tagartha. Leagadh amach sna téarmaí tagartha cuspóir, údarás agus ballraíocht an Choiste mar aon leis na freagrachtaí a bhaineann leis maidir le tuairisciú seachtrach airgeadais, iniúchadh seachtrach, rialachas corparáideach agus iniúchadh inmheánach. Ba iad baill an Choiste i mbliana B. W. Kerr (Cathaoirleach) agus P. Magner. Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile ceithre huaire le linn na bliana.

Ceapadh Emer Finnan ar an mBord Iniúchta ar 31 Márta 2011.

Bhunaigh an Bord Coiste Luach Saothair sa bhliain 1999. Bíonn an Coiste seo ag feidhmiú de réir théarmaí foirmiúla tagartha agus tháinig na baill le chéile dhá uair le linn na bliana. Chuidigh an Coiste seo leis an mBord Príomhfheidhmeannach nua a roghnú agus polasaí an Chomhlachta i dtaca le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a chur i bhfeidhm de réir na gcomhshocruithe chun luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a shocrú i gcomhlachtaí tráchtála státurraithe atá faoi choimirce na Roinne Fiontar Poiblí a eisíodh i mí Iúil 2009. Tá sonraí ar tháillí na Stiúrthóirí leagtha amach i nóta 28 sna Ráitis Airgeadais.

Freastal ar Chruinnithe

Bhí 12 Chruinniú Ginearálta den Bhord ann i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010.

Is é seo a leanas tinreamh na Stiúrthóirí ag cruinnithe an Bhoird:

	Ina láthair	I dteideal a bheith ina láthair
L McCaffrey	12	12
E O'Reilly	4	4
T Hussey	11	11
B W Kerr	11	12
J Kiersey	12	12
P Magner	8	12
J Moore	11	12
C Rochfort	11	12
Coiste Iniúchta		
B W Kerr	4	4
P Magner	4	4
Coiste Luach Saothair		
L McCaffrey	2	2
T Hussey	2	2
B W Kerr	1	2

Costais Stiúrthóirí

Íocadh costais arbh fhiú €2,197 iad leis an mBord i rith na bliana i leith míleáiste agus €210 i dtaca le costais eile.

Rialuithe Inmheánacha

Is é an Bord atá freagrach as na córais rialaithe inmheánaigh a fheidhmítear sa Chomhlacht. Leis na córais sin atá i bhfeidhm ag an gComhlacht ní féidir ach dearbhú réasúnta a thabhairt, agus ní dearbhú iomlán, go ndéantar bearta de réir údarú na mbainisteoirí, go gcosnaítear sócmhainní, go gcosctar calaois agus go gcoinnítear taifid chearta airgeadais. D'fhonn a chinntiú go gcuirtear rialuithe inmheánacha an Chomhlachta i bhfeidhm go héifeachtach, tá seirbhísí faighte ó dhaoine cáilithe agus na dualgais éagsúla tarmligthe chucu mar is cóir.

Áirítear ar na córais rialaithe inmheánaigh:

- Próiseas chun rioscaí gnó a shainaithint agus déantar luacháil ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo trí athbhreithniú rialta ar phlean straitéiseach an Chomhlachta. Tá an próiseas a bhaineann le Creat Bainistiú Rioscaí an Chomhlachta leagtha amach thuas faoin gceannteideal "Príomhrioscaí agus Príomhéiginnteachtaí". Ghlac an Bord leis an bplean straitéiseach is deireanaí don tréimhse 2007 go 2011 i mí Eanáir 2007. Glacfaidh an Bord le plean straitéiseach don tréimhse 2011 go 2015 in 2011;
- Buiséad bliantúil, faofa ag an mBord, agus plé míosúil ar na torthaí iarbhír le hais na réamhinsintí buiséid;
- Coiste Iniúchta a bunaíodh chun na rudaí seo a leanas a athbhreithniú agus a phlé in éineacht leis na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha: rialuithe inmheánacha cuntasaíochta an Chomhlachta, ár bhfeidhm Iniúchta Inmheánaí, rogha ár bpolasaithe cuntasaíochta, na pleananna iniúchta inmheánaí agus seachtraí, tuarascáil reachtúil na n-iniúchóirí, tuairisciú airgeadais agus ceisteanna gaolmhara eile;

Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

- Feidhm Iniúchta Inmheánaí trína ndéantar athbhreithniú ar na príomhphróisis agus na príomhrialuithe gnó;
- Cóid fhoirmiúla iompair do Stiúrthóirí agus fostaithe; agus
- Polasaithe agus nósanna imeachta maidir le soláthar. Cinntítear leo seo, sa chéad dul síos, go ndéantar gach rud a bhaineann le soláthar seirbhísí ar bhealach a chinntíonn luach ar airgead i dtéarmaí na gcostas a bhaineann leis na seirbhísí sin ar feadh an ama a mhairfidh siad, agus sa dara dul síos, go gcomhlíontar na Treoirlínte Stáit agus na Treoracha AE ar fad a bhaineann le Fóntais Phoiblí.

Is é an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta, atá freagrach as éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú.

Rinne an tIniúchóir Inmheánach, Deloitte, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus níor nochtadh aon laige shuntasach rialaithe arbh ghá don Bhord a aird a dhíriú air láithreach a bheadh mar riosca suntasach maidir le caillteanas airgeadais nó a chuirfeadh isteach ar oibríochtaí.

Tabhartais Pholaitiúla

Ní thug an Bord aon tabhartas polaitiúil i gcaitheamh na bliana.

Iniúchóirí

Déanfar na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, a athcheapadh de réir alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

L McCaffrey
E O'Reilly

31 Márta 2011

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

Tá na ráitis airgeadais ar leathanach 33 go 67 iniúchta againn. Tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach sa Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta ar leathanach 33 go 36.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí Faoi Seach

Tá freagrachtaí na Stiúrthóirí as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí gaolmhar na hÉireann agus na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíocha a nGlactar Leis go Ginearálta in Éirinn), leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 23.

Is é an fhreagracht atá orainne na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na riachtanas cuí dlí agus rialála agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchta (Ríocht Aontaithe agus Éire). Rinneadh an tuarascáil seo a ullmhú, an tuairim a nochtar inti chomh maith, le haghaidh ball an Chomhlachta mar fhoras ann féin, agus lena n-aghaidh siúd amháin, de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní chun aon chríche eile. Agus ár dtuairim á nochtadh againn, ní ghlacaimid le haon fhreagracht chun aon chríche eile agus ní ghlacaimid le haon fhreagracht do dhuine ar bith eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dó/di nó do dhuine ar bith a gheobhaidh cóip den tuarascáil seo ach amháin sa chás go dtabharfaimid cead go neamhbhalbh lena aghaidh sin i scríbhinn roimh ré.

Cuirimid in iúl an í ár dtuairim í go bhfuil cuntas cruinn cothrom sna ráitis airgeadais, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Ginearálta in Éirinn, agus go bhfuil siad ullmhaithe de réir reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Cuirimid in iúl an amhlaidh a fuaramar an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a bhí riachtanach, dar linne, chun críocha ár n-iniúchta agus an amhlaidh atá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Cuirimid in iúl, freisin, ár dtuairim maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

- Leabhair chearta chuntais a bheith coinnithe ag an gComhlacht;
- Tuarascáil na Stiúrthóirí a bheith ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- An Comhlacht a bheith i riocht airgeadais, dar linne, dáta an Chláir Chomhardaithe, a d'fhágfadh go mbeadh ar an gComhlacht ollchruinniú neamhghnách a shocrú; féadfaidh riocht airgeadais den chineál sin a bheith i gceist sa chás nach mó ná leath de scairchaipiteal glaoite an Chomhlachta a chuid sócmhainní glana.

Cuirimid in iúl, freisin, an í ár dtuairim í nár nochtadh aon eolas a bhaineann le cúiteamh do Stiúrthóirí agus bearta na Stiúrthóirí, de réir mar a shonraítear leis an dlí, agus cuirimid an t-eolas sin inár dtuarascáil sa chás gur féidir.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus tagaimid ar thuairim maidir lena bheith ag teacht leis na ráitis airgeadais a ndearnadh iad a iniúchadh. Is é atá i gceist leis an eolas eile seo Ráiteas an Chathaoirligh, Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, an ráiteas maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach, an ráiteas maidir le Cúrsaí Comhshaoil agus Tuarascáil na Stiúrthóirí. Déanaimid ár machnamh ar impleachtaí na tuarascála má thagaimid ar aon mhíráitis nó mírialtachtaí dealraitheacha eile nach bhfuil ag teacht leis na ráitis airgeadais. Níl freagrachtaí againn i dtaca le heolas ar bith eile.

Déanaimid athbhreithniú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a éilítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas Foras Stáit atá déanta i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanach 29 agus 30 lena fheiceáil cé acu a thugann sé léargas cruinn ar chomhlíonadh paraghraf 13.1 (iii) sa Chód ag an gComhlacht nó nach dtugann agus cé acu atá sé ag teacht leis an eolas atá againn bunaithe ar ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais nó nach bhfuil; deirimid muna dtugann sé léargas cruinn agus muna bhfuil sé ag teacht leis an eolas sin atá againn.

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha – ar lean

Níl ceangal orainn ráitis an Bhoird a mheas maidir le rialú inmheánach ar gach riosca agus maidir le gach rialú, ná tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht nósanna imeachta an Chomhlachta maidir le rialachas corparáideach ná éifeachtúlacht a chuid ghnáthamh maidir le riosca agus rialú.

Búnus leis an Tuairim Iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar an bhfianaise a bhaineann leis na méideanna agus leis na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Áirítear ann, freisin, measúnú ar na meastúcháin agus breithiúnais shuntasacha atá déanta ag na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnú ar na polasaithe cuntasaíochta, iad a bheith oiriúnach do riocht an Chomhlachta, iad a bheith curtha i bhfeidhm go leanúnach agus iad a bheith nochtaithe go leordhóthanach.

Bheartaíomar agus rinneamar ár n-iniúchadh chun an t-eolas agus na míniúcháin chuí ar fad a fháil a mheasamar féin a bheith riachtanach chun go mbeadh go leor fianaise againn lena dhearbhú, chomh fada agus atá réasúnta, go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábharacha, bíodh calaois, mírialtacht eile nó dearmad mar chúis leo. Agus muid ag teacht ar ár dtuairim, rinneamar, freisin, luacháil ar leordhóthanacht fhoriomlán chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Inár dtuairimse, is fíor an méid seo a leanas maidir leis na ráitis airgeadais:

- Tá léargas cruinn cothrom ann, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Ginearálta in Éirinn, ar riocht an Chomhlachta amhail 31 Nollaig 2010 agus ar a bhrabús agus sreabhadh airgid thirim don bhliain dar críoch an dáta céanna; agus
- Tá siad ullmhaithe mar is cóir de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Tá an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a mheasaimidne a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta faighte againn. Is í ár dtuairim í gur choinnigh an Comhlacht leabhair chearta chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is í ár dtuairim í go bhfuil an t-eolas atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanach 22 go 30 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Is mó ná leath dá scairchaipiteal glaoite sócmhainní glana an Chomhlachta, mar atá ráite ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 39, agus, dar linne, ar an bhonn sin, ní raibh an Comhlacht i riocht airgeadais amhail 31 Nollaig 2010 a d'fhágfadh go mbeadh air, faoi alt 40(1) d'Acht (Leasú) na gCuideachtaí, 1983 ollchruinniú neamhghnách de chuid an Chomhlachta a shocrú.

PricewaterhouseCoopers

Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

01 Aibreann 2011

Polasaithe Cuntasaíochta

Is iad seo a leanas na polasaithe suntasacha cuntasaíochta ag bhfuil glactha leo ag an gComhlacht:

Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus de réir reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is é atá i gceist leis na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus ráitis airgeadais a thugann léargas cruinn cothrom á n-ullmhú, is é atá i gceist leo ná na caighdeáin sin arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Coinbhinsiún an Chostais Stairiúil

Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna leasú trí luacháil Mhaoin Infheistíochta.

Láimhdeachas

Is é atá i gceist le láimhdeachas luach na seirbhísí ar fad a cuireadh ar fáil do thríú páirtithe, cáin bhreisluacha as an áireamh, agus luaitear é mar rang gnó i nóta 2 atá leis na Ráitis Airgeadais.

Dleachtanna Calafoirt

Faightear ioncam bunaithe ar Dhleachtanna Calafoirt ó mhuirir a ghearrtar ar lucht úsáidte an chalafoirt; áirítear leo dleachtanna earraí, dleachtanna soithigh agus príomhsheirbhísí eile mar tharraingt agus píolótaíocht. Déantar Dleachtanna Earraí a ghearradh trí thagairt a dhéanamh do liosta muirear atá bunaithe ar Rangúcháin Chaighdeánta Trádála Idirnáisiúnta. Gearrtar Dleachtanna Soithigh i leith teacht isteach an tsoithigh agus tá na rátaí bunaithe ar thonnáiste glan nó ar leath de thonnáiste comhlán an tsoithigh, cibé acu is mó, agus is i dtaca leis sin atá na dleachtanna inmhuirir. Gearrtar Seirbhísí Tarraingthe agus Píolótaíochta de réir úsáide.

Tá Ioncam ó Dhleachtanna Calafoirt bunaithe ar an dáta a dtagann an soitheach isteach sa Chalafort.

Airgead Cíosa

Faightear ioncam ó chíos go príomha ó mhaoin atá ag an gcalafort atá ligthe amach ar cíos agus tá sé bunaithe ar an tréimhse lena mbaineann an cíos. Gearrtar cíos de réir théarmaí an chomhshocrú cíosa.

Eile

Áirítear le hioncam eile atá san áireamh sa Láimhdeachas ioncam ón Nasc Thoir, Táillí Ceadúnas agus ioncam ó Stáisiún Seirbhíse comhtháite an Chomhlachta agus ó Chlós na dTrucailí. Tá ioncam bunaithe ar an tréimhse lena mbaineann an t-ioncam.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear na sócmhainní seasta inláimhsithe mar chostas lúide dímheas carntha, ach amháin i gcás Mhaoin Infheistíochta an Chomhlachta atá luaite mar luach ar an margadh oscailte. Ní dhímheastar talamh ruilse.

Ríomhtar dímheas chun an costas a bhaineann le sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh, seachas talamh ruilse, leis an Maoin Infheistíochta agus le sócmhainní bonneagair thar a saolré úsáideach measta trí thráthchodanna cothroma bliantúla.

Is é atá i gceist le sócmhainní bonneagair na sócmhainní sin a bhfuil saolré úsáideach gan deireadh acu agus a tógadh, de ghnáth, na blianta fada ó shin, ach nach dócha go dtógfaí arís iad sa lá atá inniu ann san fhormáid chéanna. Áirítear leo sócmhainní mar North Bull Wall agus Great South Wall. Luach de náid a bhaineann le sócmhainní bonneagair agus áirítear an costas a bhaineann lena gcothabháil sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Polasaithe Cuntasaíochta – ar lean

Is é seo a leanas saolré úsáideach measta na sócmhainní seasta inláimhsithe a bhfuil dímheas ríofa bunaithe orthu:

Foirgnimh	50 bliain
Déanmhais dhugaí, dugaí tirime agus céanna	30 - 50 bliain
Dreidireacht chaipitiúil	30 bliain
Soithigh ar snámh	suas le 30 bliain
Crainn thaca	suas le 30 bliain
Fearas agus innealra	2 - 30 bliain

Níl sé mar pholasaí ag an gComhlacht sócmhainní seasta inláimhsithe a athluacháil, seachas an Mhaoin Infheistíochta atá luaite mar an Luach sa Mhargadh Oscailte.

Bearnú sócmhainní

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní i dtaca le bearnúchán sa chás go mbíonn imeachtaí ann nó go dtagann athruithe i bhfeidhm a d'fhágfadh go mbeadh seans ann nach mbeadh an glanluach iasachta inghnóthaithe. Is ionann méid inghnóthaithe sócmhainne agus an glanluach inréadaithe a bhaineann leis nó an luach úsáide a bhaineann leis, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanas bearnúcháin mar an méid a bhfuil glanmhéid sócmhainne níos mó ná an méid atá inghnóthaithe agus déantar an tsócmhainn a dhíluacháil go dtí méid na difríochta sin. Tá an méid inghnóthaithe bunaithe ar ríomhuithe a bhaineann leis an luach úsáide.

Agus luach úsáide á mheasúnú, déantar sreabhadh measta airgid thirim sa todhchaí a laisciniú go dtí an luach reatha a bhaineann leis trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach, ráta atá ag teacht le measúnú ag an margadh reatha ar amluach airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn.

Maoin Infheistíochta

Déantar maoin infheistíochta an Chomhlachta a athluacháil ar bhonn bliantúil de réir SSAP 19, agus aistrítear an barrachas nó an t-easnamh go dtí Cúlchiste Athluachála na Maoine Infheistíochta ach amháin sa chás go mbítear ag súil go bhfuil easnamh atá níos lú ná an bunchostas, nó a fhreaschur, buan; sa chás sin cuirtear san áireamh é sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain.

Cé go n-éilítear, de ghnáth, le hAchtanna na gCuideachtaí dímheas córasach bliantúil na sócmhainní seasta, tá na Stiúrthóirí den tuairim go bhfuil gá le polasaí gan dímheas a sholáthar sa dóigh go mbeidh léargas cruinn cothrom sna ráitis airgeadais, mar tá ríthábhacht le luach reatha na maoine infheistíochta agus leis na hathruithe a thagann ar a luach, thar dhímheas córasach bliantúil a ríomh. Níl sa dímheas ach ceann amháin den iliomad gnéithe atá san áireamh sa luacháil bhliantúil, agus ní féidir an méid sin a aithint ná a chainníochtú leis féin cé go bhféadfaí é a chur san áireamh faoi ghnéithe eile.

Deontais Chaipitiúla agus Ranníocaíochtaí i dtaca le Costas na Sócmhainní Seasta

Caitear le deontais chaipitiúla agus ranníocaíochtaí i dtaca le costais na sócmhainní seasta mar a bheadh creidiúintí iarchurtha iontu, agus déantar iad a amúchadh chun an Chuntais Bhrabúis agus Chaillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní seasta inláimhsithe gaolmhara a dhímheas.

Aithnítear deontais, trína gcur sna ráitis airgeadais, sa chás amháin gur féidir a réadú deiridh in airgead tirim a dhearbhú le cinnteacht réasúnta.

Talamh le haghaidh Forbartha

Tá talamh le haghaidh forbartha comhdhéanta de thalamh nach gcoinnítear le haghaidh úsáidí fadtéarmacha gnó, ach a choinnítear le go ndéanfar é a fhorbairt nó a athdhíol, agus luaitear é mar luach an chostais nó luach margaidh, cibé acu is ísle.

Stoic

Luaitear stoic mar chostas nó mar ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

Áirítear le costas an costas ceannaigh, agus nuair is cuí, dleachtanna iompórtála agus costais iompair.

Socraítear glanluach inréadaithe mar an costas lúide soláthar le haghaidh earraí a bhfuil damáiste déanta dóibh, atá imithe in olcas, atá ó mhaith nó nach féidir úsáid a bhaint astu.

Airgeadra Eachtrannach

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrannach a aistriú ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm dáta an Chláir Chomhardaithe agus déantar ioncaim, costais agus sócmhainní nach sócmhainní airgeadaíochta iad a aistriú ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm dáta an bhirt féin.

Is sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais atá brabúis agus caillteanais a tháinig as aistriú airgeadra eachtrannaigh agus iad siúd a bhí ann nuair a socraíodh méideanna infhaighte agus iníoctha in airgeadra eachtrannach.

Is ionann sócmhainní airgeadaíochta agus airgead atá coinnithe, mar aon le méideanna atá le fáil i bhfoirm airgid, agus is sócmhainní neamhairgeadaíochta iad gach sócmhainn eile.

Sochair ar dhul ar scor

Tá socruithe um shochair shainithe agus ranníocaíochtaí sainithe araon ag an gComhlacht. Déantar sócmhainní na scéime pinsean le sochair shainithe a thomhas ag luach cothrom. Déantar dliteanais na scéime pinsean le sochair shainithe a thomhas ar bhonn achtúireach agus baintear úsáid as an modh a bhaineann le costas réamh-mheasta achtúireach aonaid. Cuirtear barrachas dhliteanais na scéime pinsean thar shócmhainní na scéime pinsean i láthair ar an gClár Comhardaithe mar ghlandhliteanas de cháin ghaolmhar iarchurtha. Tá an muirear i dtaca le sochair shainithe phinsin atá i bhfeidhm ar an mBrabús Oibriúcháin comhdhéanta den chostas reatha seirbhíse agus den chostas seirbhíse a bhí ann san am a chuaigh thart. Tá barrachas chostas an úis a bhaineann le dliteanais na scéime thar an toradh ionchasach ó shócmhainní na scéime, curtha i láthair sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais faoi "Glanchostas maoinithe". Na gnóthachain agus na caillteanais achtúireacha a éiríonn as athruithe ar bhoinn thuisceana achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí, tá siad san áireamh sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána don bhliain inar tharla siad. Baintear na ranníocaíochtaí atá iníoctha ag an gComhlacht faoi na scéimeanna le ranníocaíochtaí sainithe, den Chuntas Brabúis agus Caillteanais sa tréimhse atá siad iníoctha.

Dreidireacht

Baintear an costas a bhaineann le gnáththionscadail dhreidireachta nó le tionscadail leanúnacha dreidireachta den Chuntas Brabúis agus Caillteanais de réir mar a thabhaítear iad. Déantar dreidireacht chaipitiúil, a chuireann le rochtain ar an gCalafort nó lena bhonneagar, a chaipitliú mar chuid den tsócmhainn sheasta ghaolmhar agus dímheastar í thar a saolré úsáideach mheasta.

Cáin Iarchurtha

Bíonn cáin iarchurtha i gceist i gcás gach difríocht ama a raibh a dtús ann dáta an Chláir Chomhardaithe, ach nach raibh freaschurtha amhail an dáta sin, sa chás gur tharla bearta nó imeachtaí dáta an Chláir Chomhardaithe a bhfuil mar thoradh orthu dualgas chun níos mó cánach a íoc sa todhchaí nó an ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí.

Is é atá i gceist le difríochtaí ama ná difríochtaí sealadacha idir na brabúis mar a ríomhadh iad chun críocha cánach agus na brabúis atá luaite sna ráitis airgeadais; tagann na difríochtaí seo chun cinn mar pléitear le ceisteanna áirithe ioncaim agus caiteachais atá sna ráitis airgeadais i mblianta difriúla chun críocha cánach.

Polasaithe Cuntasaíochta – ar lean

Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a bheidh ionchasach sna blianta a bhfuiltear ag súil go ndéanfar na difríochtaí ama a fhreaschur bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a bheidh achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dháta an Chláir Chomhardaithe. Ní dhéantar cáin iarchurtha a chur as an áireamh.

Deontais agus Iasachtaíochtaí Úsmhara

Luaitear gach iasachtaíocht sa chéad dul síos ag an luach a measadh a bheith cothrom i ndiaidh gur baineadh ar shiúl na costais eisiúna. Baintear costais eisiúna, mar aon le costais mhaoinithe, den Chuntas Brabúis agus Caillteanais thar théarma na n-iasachtaíochtaí, agus is ionann iad agus cuid bhuan d'iarmhéid na n-aisíocaíochtaí caipitiúla gan íoc.

Bainistiú an Riosca a bhaineann le Rátaí Úis

Baintear úsáid as babhtáil/caidhpeáil rátaí úis chun neamhchosaint an Chomhlachta ar athruithe ar rátaí úis a fhálú. Fabhraítear an méid is iníoctha nó is infhaighte maidir leis na huirlisí fálaithe seo ar an dóigh chéanna a bhfabhraítear i gcás úis a bhaineann le hiasachtaíochtaí.

Díbhinní

Aithnítear díbhinní sna ráitis airgeadais sa chás go bhfuil siad faofa nó údaraithe mar is cuí ag na scairshealbhóirí agus nach bhfuil siad faoi rogha an Chomhlachta níos mó. Aithnítear díbhinní eatramhacha arna ndearbhú ag na Stiúrthóirí nuair a íoctar iad.

Infheistíocht i gComhfhiontar

Luaitear an infheistíocht sa Chomhfhiontar mar chostas lúide na méideanna atá díluacháilte mar gheall ar bhearnú.

Cuntas Brabúis agus Caillteanais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010	2009
		€'000	€'000
Láimhdeachas	**2**	66,969	62,852
Costas díolachán		(21,044)	(20,188)
Brabús Comhlán		**45,925**	**42,664**
Riarachán agus caiteachas ginearálta		(15,394)	(17,017)
		30,531	25,647
Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin	**4**	(3,500)	-
Brabús Oibriúcháin		**27,031**	**25,647**
Míreanna Eisceachtúla	**5**	(500)	(3,946)
Brabús as Gnáthghníomhaíochtaí roimh Ús agus Chánachas		**26,531**	**21,701**
Glanchostas maoinithe	**6**	(2,393)	(3,224)
Brabús as Gnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas	**7**	**24,138**	**18,477**
Cánachas	**8**	(3,604)	(3,985)
Brabús don Bhliain Airgeadais	**22**	**20,534**	**14,492**

D'eascair Láimhdeachais agus Brabús Oibriúcháin as gníomhaíochtaí leanúnacha amháin.

Thar ceann an Bhoird

L McCaffrey
E O'Reilly

31 Márta 2011

Ráiteas ar na Gnóthachain agus na Caillteanais Aitheanta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010	2009
		€'000	€'000
Brabús don Bhliain Airgeadais		20,534	14,492
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach arna n-aithint as dualgais i dtaca le sochair shainithe	**31**	(9,102)	8,972
Cáin iarchurtha maidir le (caillteanas)/gnóthachan achtúireach as dualgais i dtaca le sochair shainithe	**19**	1,138	(1,121)
Aistriú ó Chúlchiste Athluachála na Maoine Infheistíochta	**23**	-	2,196
Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta		**12,570**	**24,539**

Thar ceann an Bhoird

L McCaffrey
E O'Reilly

31 Márta 2011

Clár Comhardaithe

Amhail 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010	2009
		€'000	€'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	10	**278,735**	**279,331**
Infheistíochtaí			
Chomhfhiontar	11	**5,300**	**8,800**
Sócmhainní Reatha			
Talamh le haghaidh forbartha	12	1,246	1,246
Stoic	13	863	787
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	14	18,311	15,485
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		9,738	875
		30,158	**18,393**
Creidiúnaithe – Méideanna is dlite laistigh de bhliain amháin	15	**(6,943)**	**(10,913)**
Sócmhainní Glana Reatha		**23,215**	**7,480**
Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha		**307,250**	**295,611**
Creidiúnaithe – Méideanna is dlite i ndiaidh bliain amháin	16	**(39,829)**	**(39,726)**
Ioncam Iarchurtha	18	**(13,328)**	**(13,922)**
Soláthar do Dhliteanais	19	**(3,480)**	**(2,747)**
Sócmhainní Glana, Dliteanas as Sochair Shainithe Phinsin as an áireamh		**250,613**	**239,216**
Dliteanas as Sochair Shainithe Phinsin	31	**(5,273)**	**(946)**
Glanshócmhainní, Dliteanais as Sochair Shainithe Phinsin san áireamh		**245,340**	**238,270**
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	20	14,464	14,464
Cúlchiste Aistrithe Caipitil	21	119	119
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	22	232,007	224,937
Cúlchiste Áthluachála na Maoine Infheistíochta	23	(1,250)	(1,250)
Cistí na Scairshealbhóirí	24	**245,340**	**238,270**

Thar ceann an Bhoird

L McCaffrey
E O'Reilly

31 Márta 2011

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010	2009
		€'000	€'000
Réiteach an Bhrabúis Oibriúcháin le Glanairgead Isteach ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Brabús Oibriúcháin		27,031	25,647
Amúchadh deontas caipitiúil	**18**	(597)	(601)
Muirir dhímheasa	**10**	7,876	7,267
Caillteanas i ndiaidh diúscairt sócmhainní inláimhsithe		27	6
Bearnú na hInfheistíochta Comhfhiontair	**11**	3,500	-
(Méadú)/Laghdú ar stoic		(76)	30
(Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe		(2,373)	397
Laghdú ar chreidiúnaithe		(3,192)	(3,179)
Athrú i dtaca le soláthar pinsean		(4,927)	(4,736)
Glanairgead isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		27,269	24,831
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim			
Glanairgead isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		27,269	24,831
Fáltais as infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadaithe	**25**	(1,481)	(2,547)
Cánachas		(3,617)	(202)
Caiteachas Caipitiúil agus infheistíocht chaipitiúil	**25**	(7,808)	(22,252)
		14,363	(170)
Díbhinní as gnáthscaireanna a íocadh		(5,500)	(5,300)
		8,863	(5,470)
Maoiniú	**25**	-	4,000
Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim		**8,863**	**(1,470)**
Réiteach Glansreabhadh Airgid Thirim le Gluaiseacht an Ghlanfhiachais			
Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim i rith na bliana	**26**	8,863	(1,470)
Sreabhadh airgid thirim as an méadú ar fhiachas	**26**	-	(4,000)
Gluaiseacht an ghlanfhiachais		8,863	(5,470)
Glanfhiachas oscailte	**26**	(39,125)	(33,655)
Glanfhiachas druidte	**26**	**(30,262)**	**(39,125)**

Thar ceann an Bhoird

L McCaffrey
E O'Reilly

31 Márta 2011

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Sócmhainní agus dliteanais a fuarthas Lá Dílsithe

Faoi fhorálacha Acht na gCuanta, 1996, ghlac an Comhlacht chuige féin na feidhmeanna a bhíodh á gcomhlíonadh ag Bord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath ar 3 Márta 1997 ("Lá Dílsithe").

Shocraigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am an costas a bheadh ar an gComhlacht a íoc as na sócmhainní a fuarthas Lá Dílsithe. Glacadh chugainn dliteanais (pinsin agus deontais chaipitiúla san áireamh) ag na méideanna iarbhír nó ag na méideanna socraithe a bhain leo. Áirítear le dliteanais phinsin (féach nóta 31) na dliteanais sin a bhaineann le teidlíochtaí pinsin a bhí ann roimh Lá Dílsithe ag fostaithe an Chomhlachta agus ag na pinsinéirí reatha agus iarchurtha a bhain leis an aonán a tháinig romhainn, Bord Chalafort agus Dhúgaí Átha Cliath.

Aistríodh sócmhainní agus feidhmeanna an Choiste Píolótaíochta, a bunaíodh faoin Pilotage Act 1913, go Comhlacht Chalafort Átha Cliath trí oibriú an dlí i mí Iúil, faoi Ordú 1997 (Tús Feidhme) (Uimh. 3) d'Acht na gCuanta, 1996.

Comhlíonadh an chomaoin as na glanshócmhainní a aistríodh go dtí an Comhlacht trí 6.023 milliún gnáthscair a chruthú agus a eisiúint arbh fhiú IR£1 (€1.27) iad, gach ceann acu íoctha ina hiomláine. Tá gnáthscair amháin ag an Aire Airgeadais agus is ag an Aire Iompair atá an chuid eile amhail 31 Nollaig 2010.

2. Láimhdeachas

	2010	2009
	€'000	€'000
De réir rang gnó		
Dleachtanna calafoirt	53,376	50,023
Cíos	11,297	10,272
An Nasc Thoir (féach nóta 3)	1,173	1,503
Ceadúnais	550	680
Eile	573	374
	66,969	**62,852**

3. An Nasc Thoir

Faoi chomhshocruithe dar dáta 16 Márta 1983 agus 24 Samhain 1983, an dara ceann acu sin mar chomaoin as cailleadh beartlann teoranta agus diúscairt tailte áirithe, fuair an Bord an ceart cuid den bhrabús a bhainfidh leis an Scéim Dola a fháil go ceann 25 bliain ón dáta a glanadh ina n-iomláine na costais foirgníochta nó suas go dtí 31 Nollaig 2015, cibé acu a bheadh ann ar dtús. Is é an dáta cuí, mar sin, 31 Nollaig 2015.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

4. Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin

	2010	2009
	€'000	€'000
Bearnú na hInfheistíochta Comhfhiontair	3,500	-
	3,500	**-**

De réir fhorálacha FRS 11 – "Bearnú Sócmhainní Seasta agus Dea-thola" tá athbhreithniú déanta ag an gComhlacht ar ghlanluach na hinfheistíochta in Renore (féach nóta 11). Mar thoradh ar an athbhreithniú seo, tá an infheistíocht seo díluacháilte ag an gComhlacht go dtí an méid inghnóthaithe trí mhuirear bearnúcháin de €3.5m a áireamh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Bheadh an costas thuasluaite san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais faoin gceannteideal Costas Eile Oibriúcháin dá mba rud é nach le Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin a bhainfeadh sé mar gheall ar a mhéid nó a tharlú faoi FRS 3 – "Feidhmíocht Airgeadais a Thuairisciú".

5. Míreanna Eisceachtúla

	2010	2009
	€'000	€'000
Maoin Infheistíochta – Laghdú buan ar luach (féach nóta 10)	(500)	(3,946)
	(500)	**(3,946)**

Rinne luachálaí neamhspleách Maoin Infheistíochta an Chomhlachta a luacháil ag luach an mhargaidh oscailte de réir SSAP 19. €5.25m (2009:€5.75m) an luach a luaíodh leis an maoin ar an margadh oscailte amhail 31 Nollaig 2010 le hais an bhunchostais, €10.9m. Glacadh leis gur laghdú buan é an laghdú breise seo ar luach na maoine agus tá sé bainte den Chuntas Brabúis agus Caillteanais. Glacadh leis gur laghdú buan é ar bhonn carnach €4.4m den laghdú €5.7m ar luach na maoine agus tá an méid sin bainte den Chuntas Brabúis agus Caillteanais mar Mhír Eisceachtúil. Glactar leis gur laghdú sealadach é an €1.25m eile den laghdú ar luach na maoine agus áirítear é i gCúlchiste Luachála na Maoine Infheistíochta (féach nóta 23).

6. Glanchaiteachas Maoinithe

	2010	2009
	€'000	€'000
Rótharraingt agus Iasachtaí Bainc		
- iasachtaíochtaí is ais-iníoctha ina n-iomlán laistigh de chúig bliana	(2,244)	(1,764)
Ús is infhaighte	621	241
	(1,623)	(1,523)
Easnamh sa chiste pinsean – costas maoinithe (féach nóta 31)	(770)	(1,701)
	(2,393)	**(3,224)**

7. Brabús as Gnáthghníomhaíochtaí Roimh Chánachas

	2010	2009
	€'000	€'000
Brabús as gnáthghníomhaíochtaí sula socraítear cánachas i ndiaidh bainte / (creidiúnaithe):		
Costais foirne		
- pá agus tuarastail	10,828	10,665
- costais leasa shóisialaigh (PRSI)	838	780
- costais eile phinsean a bhaineann le Scéim na Sochar Sainithe (féach nóta 31)	1,577	1,778
- costais eile phinsean a bhaineann le Scéim na Ranníocaíochtaí Sainithe (féach nóta 31)	147	192
	13,390	13,415

Cúiteamh do na hIniúchóirí:

Is é seo a leanas an méid cúitimh a íocadh as an iniúchadh reachtúil agus as seirbhísí eile a chuir iniúchóirí an Chomhlachta ar fáil:

Iniúchadh na ráiteas airgeadais	44	43
Seirbhísí eile dearbhúcháin	23	15
Seirbhísí comhairleacha cánach	103	97
Seirbhísí eile neamh-iniúchta	38	3
Dímheas	7,876	7,267
Íocaíochtaí iomarcaíochta	433	-
Amúchadh deontas caipitiúil (féach nóta 18)	(597)	(601)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

8. Cánachas

	2010	2009
	€'000	€'000
Muirear reatha cánach:		
Bunaithe ar bhrabúis as gníomhaíochtaí an Chalafoirt don bhliain:		
Cáin Chorparáideach ag glanráta de 12.5% (2009:12.5%)	(2,229)	-
Bunaithe ar bhrabúis nach mbaineann le gníomhaíochtaí an Chalafoirt		
Cáin Chorparáideach ag glanráta de 25% (2009:25%)	(583)	(853)
	(2,812)	**(853)**
Rósholáthar sa bhliain roimhe – Cáin Chorparáideach	461	27
Muirear reatha cánach don bhliain	**(2,351)**	**(826)**
Muirear i dtaca le Cáin Iarchurtha:		
Difríochtaí ama i dtaca le Liúntais Chaipitiúla luathaithe	(774)	(557)
Difríochtaí ama idir ranníocaíochtaí pinsin a íocadh agus pinsin ar baineadh díobh	(520)	(380)
Úsáid na gcaillteanas cánach	(50)	(2,022)
Muirear i dtaca le Cáin Iarchurtha don bhliain	(1,344)	(2,959)
Ró-/(Tearc-)Sholáthar sa bhliain roimhe	91	(200)
	(1,253)	**(3,159)**
Muirear iomlán cánach	**(3,604)**	**(3,985)**

8. Cánachas - ar lean

Is lú an muirear reatha Cánach Corparáidí don bhliain ná an muirear reatha cánach a bhainfeadh le cur i bhfeidhm an ráta chaighdeánta de Cháin Chorparáideach na hÉireann ar an mbrabús as gnáthghníomhaíochtaí. Mínítear na difríochtaí thíos:

	2010	2009
	€'000	€'000
Brabús as gnáthghníomhaíochta roimh cháin	**24,138**	**18,477**
Brabús as gnáthghníomhaíochtaí iolraithe ar an ráta meánach de Cháin Chorparáideach na hÉireann don bhliain, 12.5% (2009:12.5%)	(3,017)	(2,310)
Na héifeachtaí a bhaineann le:		
Costais nach incheadaithe	(273)	(433)
Laghdú ar luach na Maoine Infheistíochta nach in-aisbhainteach ó thaobh cánach	(63)	(493)
Bearnú luach na Maoine Infheistíochta nach in-asbhainteach ó thaobh cánach	(438)	-
Difríocht idir dímheas agus liúntais chaipitiúla	700	482
Ranníocaíochtaí pinsin atá níos mó ná muirear pinsin	520	379
Úsáid na gcaillteanas pinsin tugtha ar aghaidh	50	2,022
Ioncam éighníomhach atá faoi dhliteanas cánach ag 25%	(291)	(500)
Leasú ar an muirear cánach i leith na bliana roimhe	461	27
Muirear reatha cánach don bhliain	**(2,351)**	**(826)**

Táthar ag súil go mbeidh méadú ar an muirear cánach sa todhchaí mar gheall ar na caillteanais chánach go léir atá tugtha ar aghaidh a bheith úsáidte faoi dheireadh na bliana.

9. Díbhinn a Íocadh

	2010	2009
	€'000	€'000
Díbhinn eatramhach de €0.475 in aghaidh na scaire íoctha (2009:€0.458 in aghaidh na scaire)	(5,500)	(5,300)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

10. Sócmhainní inláimhsithe

	Talamh agus Foirgnimh	Críochfoirt	Déanmhais Dhugaí, Dugaí Tirime agus Céanna	Soithigh ar snámh	Crainn Thaca	Fearas agus Innealra	Maoin Infhe-istíochta	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas nó luacháil								
Amhail 1 Eanáir 2010	68,257	199,463	57,834	21,191	3,786	13,762	5,750	370,043
Curtha leis i rith na bliana	1,677	3,458	506	1,380	-	820	-	7,841
Athluacháil na Maoine Infheistíochta	-	-	-	-	-	-	(500)	(500)
Diúscairtí/Díluacháil	-	-	-	-	-	(76)	-	(76)
Amhail 31 Nollaig 2010	**69,934**	**202,921**	**58,340**	**22,571**	**3,786**	**14,506**	**5,250**	**377,308**
Dímheas Carnach								
Amhail 1 Eanáir 2010	7,771	55,479	15,158	3,151	2,552	6,601	-	90,712
Muirear don bhliain	1,164	3,812	972	767	100	1,061	-	7,876
Diúscairtí/Díluacháil	-	-	-	-	-	(15)	-	(15)
Amhail 31 Nollaig 2010	**8,935**	**59,291**	**16,130**	**3,918**	**2,652**	**7,647**	**-**	**98,573**
Glanmhéideanna ar na Leabhair								
Amhail 1 Eanáir 2010	60,486	143,984	42,676	18,040	1,234	7,161	5,750	279,331
Amhail 31 Nollaig 2010	**60,999**	**143,630**	**42,210**	**18,653**	**1,134**	**6,859**	**5,250**	**278,735**

Shocraigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am an costas a bheadh ar an gComhlacht a íoc as na sócmhainní a fuarthas Lá Dílsithe, 3 Márta 1997, faoi Acht na gCuanta, 1996 mar chomaoin ar scaireanna a eisíodh.

€10.9m bunchostas na Maoine Infheistíochta.

10. Sócmhainní inláimhsithe - ar lean

Rinne Savills maoin infheistíochta an Chomhlachta a luacháil go neamhspleách amhail 31 Nollaig 2010, ag an luach a bhainfeadh leis ar an margadh oscailte, €5.25m. Léirigh an luacháil tuairim an luachálaí maidir leis an luach margaidh ar 31 Nollaig 2010 agus rinneadh í de réir riachtanas na gCaighdeán Luachála agus Measúnaithe (6ú hEagrán) arna n-eisiúint faoi choimirce Chumann na Suirbhéirí Cairte. Thug an luachálaí le fios go mbíonn luachanna faoi réir athruithe mar gheall ar leasuithe margaidh agus fachtóirí eile, agus go bhféadfadh luachanna a bheith níos airde nó níos ísle sa todhchaí ná mar a bhí dáta na luachála féin.

Is iad na príomhrioscaí atá roimh an gComhlacht maidir le luach na maoine infheistíochta an cúlú leanúnach i Margadh Maoine na hÉireann mar aon leis an achar ama a ghlacfaidh sé chun an rósholáthar sa mhargadh Éireannach a réiteach, agus na praghsanna ar a dhíolfar an mhaoin san am sin. Is féidir go mbeidh tamall maith ann sula dtarlóidh sé sin. Idir an dá linn, seans go dtitfidh na luachanna sula dtiocfaidh siad aníos arís.

€10.9m bunchostas na maoine infheistíochta. Agus iarracht á déanamh chun a shocrú cé acu atá an laghdú ar an luach go €5.25m buan nó sealadach, bhí an Comhlacht eolach go maith ar an áit ar leith ina bhfuil an mhaoin suite agus ar nádúr fadtéarmach na sócmhainne atá i gceist. Thuigeamar freisin nach bhfuil aon cheangal orainn an mhaoin a dhíol sa ghearrthéarma agus mar aon leis sin go léir, bhí an-rath ar an maoin go fadtéarmach le 25 bliain roimhe sin. Bunaithe ar an tuiscint sin, glactar leis gur €6.5m "croíluach" na maoine agus táthar ag súil go mbainfear an leibhéal sin amach arís le himeacht ama. Dá réir sin, glactar leis gur laghdú sealadach é an titim €1.25m faoin méid seo agus tá sé á choinneáil go fóill i gCúlchiste Athluachála na Maoine Infheistíochta. Glactar leis gur titim bhuan atá sa chuid eile, €4.4m, agus tá an méid sin bainte den Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

De réir an Ráitis ar Chleachtas Caighdeánta Cuntasaíochta (SSAP) 19 – "Cuntasaíocht Maoine Infheistíochta", ní sholáthraítear aon dímheas i dtaca leis an maoin infheistíochta. Is í tuairim na Stiúrthóirí gur gá gan na ceangail in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009 i dtaca le gach maoin a dhímheas a chomhlíonadh, má táthar le léargas cruinn cothrom a thabhairt de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, mar tá an mhaoin infheistíochta luaite sna ráitis airgeadais ag an luach a bhaineann léi sa mhargadh oscailte.

Léirítear éifeacht an dímheasa cheana féin go bliantúil agus an mhaoin á luacháil, agus ní féidir, go réasúnta, an méid a bhaineann leis an ngné seo, dar le lucht na luachála, a shainaithint ná a chainníochtú ann féin. Dá mba rud é go ndearnadh de réir fhorálacha na nAchtanna, ní bheadh aon tionchar ar na glanshócmhainní, ach bheadh na brabúis ioncaim laghdaithe lena aghaidh seo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

11. Infheistíocht i gComhfhiontar

I rith 2002, bhunaigh an Comhlacht Renore Teo., Comhlacht Comhfhiontair, ar bhonn 50/50 i gcomhar le One51 plc. Is í oifig chláraithe Renore Teo. Ionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1. Bunaíodh an Comhfhiontar seo chun an grúpa de Chomhlachtaí Chalafort an Ghrianfoirt a cheannach; oibríochtaí calafoirt an gnó atá aige. Cuireadh an ceannach i gcrích i mí Aibreáin 2002 agus chosain sé €7.25m ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath. Is gnáthscaireanna iad na scaireanna atá ag an gComhlacht.

	2010	2009
	€'000	€'000
Scaireanna ar phraghas an chostais	7,250	7,250
Lasacht	1,550	1,550
Infheistíocht i gComhfhiontar	**8,800**	**8,800**
Méideanna díluacháilte mar mhéideanna bearnaithe	(3,500)	-
Glanluach amhail 31 Nollaig 2010	**5,300**	**8,800**

Is iasacht neamhúsmhar í an iasacht seo agus níl aon dáta seasta ann a gcaithfear a haisíoc.

Bhí na dálaí trádála deacair ag grúpa Comhlachtaí Chalafort an Ghrianfoirt i gcaitheamh 2010, rud a bhí fíor i dtaca le geilleagar na hÉireann trí chéile. Ar an mbonn sin, shocraigh na Stiúrthóirí go raibh gá le tástáil a dhéanamh ar an infheistíocht in Renore JV le haghaidh bearnúcháin. Bhí méid inghnóthaithe na hinfheistíochta in Renore JV bunaithe ar ríomh an luach úsáide. Bhí na réamhinsintí i dtaca le sreabhadh airgid thirim le haghaidh na ríomhuithe seo bunaithe ar mhúnla cúig bliana maidir le sreabhadh airgid agus rinneadh an críochluach a ríomh ar bhealach oiriúnach. Bhí na réamhinsintí maidir le sreabhadh airgid díortha ó mheascán d'fhachtóirí inmheánacha agus seachtracha a bhí bunaithe ar ar tharla san am a chuaigh thart agus tugadh san áireamh an méid ionchasach a thiocfaidh trí Chalafort an Ghrianfoirt. Is dócha go mbeidh an méid a thiocfaidh tríd an gCalafort íseal le linn 2011 agus go dtiocfaidh méadú air sin go ceann cúig bliana ina dhiaidh sin de réir na réamhinsintí fáis don tionscal trí chéile. Cuireadh i bhfeidhm ansin ráta fáis fhadtéarmaigh, 2%, agus an críochluach á ríomh. Rinneadh an sreabhadh airgid a lascainiú, na réamhinsintí i dtaca le críochluach san áireamh, de réir ráta lascaine 9.75%, rud a léiríonn na rioscaí a bhaineann le sreabhadh airgid sa todhchaí mar aon leis an ráta saor ó riosca de réir na n-innéacsanna seachtracha cuí.

Mar chuid de na ríomhuithe seo is gá meastúcháin a dhéanamh, próiseas atá bunaithe ar bhreithiúnas an duine agus ar dócha go dtiocfaidh athrú air ó thréimhse go tréimhse mar bíonn ar an gComhlacht boinn thuisceana a bhunú maidir leis an todhchaí, ina measc boinn thuisceana faoi leibhéal na trádála a rachaidh tríd an gCalafort sa todhchaí, faoi ioncam ó chíos, faoi chostais dhóchúla agus faoi ráta oiriúnach lascaine.

Mar thoradh ar an athbhreithniú seo, tá infheistíocht an Chomhlachta díluacháilte go dtí an méid inghnóthaithe trí mhuirear bearnúcháin de €3.5m a áireamh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

De réir FRS 9 "Comhpháirtithe agus Comhfhiontair", léirítear sa nochtú seo thíos, ar bhonn pro-forma, sciar an Chomhlachta de na méideanna atá luaite sna dréachtráitis airgeadais, gan iniúchadh, maidir le Renore Teo. don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

11.Infheistíocht i gComhfhiontar - ar lean

	Comhlacht	Eolas Pro-Forma Comhfhiontar (Gan iniúchadh)	Iomlán
		€'000	€'000
Láimhdeachas	**66,969**	**2,082**	**69,051**
Costas Díolachán	(21,044)		
Brabús Comhlán	**45,925**		
Riarachán agus caiteachas ginearálta	(15,394)		
	30,531		
Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin	(3,500)		
Brabús Oibriúcháin	**27,031**	**75**	**27,106**
Míreanna Eisceachtúla	(500)	-	(500)
Brabús as Gnáthghníomhaíochtaí Roimh Ús agus Cánachas	**26,531**	**75**	**26,606**
Glanchostas maoinithe	(2,393)	(34)	(2,427)
Brabús as Gnáthghníomhaíochtaí Roimh Chánachas	**24,138**	**41**	**24,179**
Cánachas	(3,604)	(21)	(3,625)
Brabús don Bhliain Airgeadais	**20,534**	**20**	**20,554**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

11. Infheistíocht i gComhfhiontar - ar lean

	Comhlacht	Eolas Pro-Forma Comhlacht agus comhfhiontar san áireamh (gan iniúchadh)
	€'000	€'000
Sócmhainní Seasta		
Sócmhainní Inláimhsithe	**278,735**	**278,735**
Infheistíochtaí:		
Comhlacht:	5,300	-
Comhfhiontar:		
Sciar de na sócmhainní comhlána	-	12,202
Sciar de na dliteanais chomhlána	-	(5,372)
	284,035	**285,565**
Sócmhainní Reatha		
Talamh le haghaidh forbartha	1,246	1,246
Stoic	863	863
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	18,311	18,311
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	9,738	9,738
	30,158	**30,158**
Creidiúnaithe – Méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin	**(6,943)**	**(6,943)**
Glansócmhainní Reatha	**23,215**	**23,215**
Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha	**307,250**	**308,780**
Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin	**(39,829)**	**(39,829)**
Ioncam Iarchurtha	**(13,328)**	**(13,328)**
Soláthar do Dhliteanais	**(3,480)**	**(3,480)**
Glansócmhainní, Dliteanas um Pinsin le Sochair Shainithe as an áireamh	**250,613**	**252,143**
Dliteanas um Pinsin le Sochair Shainithe	**(5,273)**	**(5,273)**
Glansócmhainní, Dliteanais um Pinsin le Sochair Shainithe san áireamh	**245,340**	**246,870**
Caipiteal agus Cúlchistí		
Scairchaipiteal glaoite	14,464	
Cúlchiste Comhshó Chaipitiúil	119	
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	232,007	
Cúlchiste Athluachála na Maoine Infheistíochta	(1,250)	
Ciste na Scairshealbhóirí	**245,340**	

12. Talamh le haghaidh Forbartha

Rinne an Comhlacht Comhshocrú Forbartha, dar dáta 6 Iúil 1999, le Earlsfort East Point agus Eastpoint (Development) Two Ltd. ("an Forbróir") le aghaidh forbartha comhdhéanta de thart ar 14 acra talún in aice le Céim I d'Fhorbairt Pháirc Gnó an Phointe Thoir.

Amhail 31 Nollaig 2010, tá €1.246m go fóill gan íoc i dtaca leis an trí láithreán talún deiridh (comhdhéanta de thart ar 6 acra talún) atá faoi réir an chomhshocraithe seo. Cé go bhfuil an tailte seo forbartha ina n-iomláine, áfach, de réir théarmaí an chonartha idir an Comhlacht agus an Forbróir, táthar ag fanacht go dtí go ndéanfar an talamh forbartha a dhiúscairt ar fad le díol an talaimh leis an bhForbróir a chur i gcrích. Ní fios go fóill cén uair a tharlóidh sé sin mar gheall ar dhálaí sa mhargadh maoine tráchtála i mBaile Átha Cliath. Tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil glanluach an talaimh seo go hiomlán inghnóthaithe amhail 31 Nollaig 2010.

Mar aon le comaoin as an talamh a dhíoltar, tá an Comhlacht i dteideal cuid den ghlanbhrabús réadaithe bunaithe ar dhíol na maoine forbartha ag Eastpoint (Development) Two Ltd. Aithneofar na brabúis sin sna ráitis airgeadais nuair a bheidh siad réadaithe ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath. Ní bhfuarthas aon leithdháileadh brabúis i rith na bliana (2009:TORADH NIALASACH).

13. Stoic

	2010	2009
	€'000	€'000
	863	**787**

Áirítear le stoic míreanna intomhalta, páirteanna breise agus stórais a bhíonn in úsáid chun an fearas a chothabháil. Ní raibh aon difear ábharach ann idir an costas a bhain le stoic nua a fháil in áit na seancheann agus an méid atá luaite thuas.

14. Féichiúnaithe – Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2010	2009
	€'000	€'000
Féichiúnaithe Trádála	13,771	12,107
CBL	64	32
Cáin Chorparáideach	515	-
Ró-íoc ranníocaíochtaí is infhaighte ón scéim pinsean	2,320	1,348
Eile	1,641	1,998
	18,311	**15,485**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

15. Creidiúnaithe – Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2010	2009
	€'000	€'000
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	5,934	9,063
Ioncam iarchurtha (féach nóta 18)	597	600
Cáin Chorporáideach	-	752
Seirbhísí Gairmiúla a bhfuil Cáin Coinnithe Siar ina leith / Conarthaí Gaolmhara Cánach	41	62
Cáin ioncaim bainte ar shiúl faoi PAYE	255	302
Árachas sóisialta pá-choibhneasa	116	134
	6,943	**10,913**
Creidiúnaithe le haghaidh cánachais agus leasa shóisialaigh atá áirithe thuas	**412**	**1,250**

16. Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh bliana

	2010	2009
	€'000	€'000
Iasachtaí Bainc (féach nóta 17)	**39,829**	**39,726**

17. Iascachtaí Bainc

	2010	2009
	€'000	€'000
Iasachtaí Bainc	39,829	39,726
	39,829	**39,726**

Tá na hiasachtaí seo in-aisíoctha sna tréimhsí seo a leanas i ndiaidh dheireadh na bliana:

Laistigh de bhliain amháin	-	-
Idir bliain amháin agus dhá bhliain	39,829	-
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	-	39,726
	39,829	39,726
	39,829	**39,726**

Léirítear Iasachtaí Bainc glan ó chostais eisiúna fiachais chaipitlithe arb ionann iad agus €171k (2009:€274k) agus atá á n-amúchadh thar thréimhse an fhiachais.

Tá saoráid iasachtaíochta ag an gComhlacht le Banc na hÉireann agus KBC Bank ar fiú €60m í. Tá sí comhdhéanta de shaoráid iasachta téarma de €40m agus saoráid chreidiúnaithe imrothlaigh de €20m. Téarma trí bliana atá i gceist leis an tsaoráid seo agus tá sé le híoc ar ais i mí Mheán Fómhair 2012. Tarraingíodh anuas €40m den tsaoráid ag deireadh na bliana.

18. Ioncam Iarchurtha

	2010	2009
	€'000	€'000
Deontais chaipitiúla agus ranníocaíochtaí le sócmhainní seasta		
Iarmhéid Oscailte	14,522	15,123
Amúchta go dtí an Cuntas Brabúis agus Caillteanais i rith na bliana	(597)	(601)
Iarmhéid Druidte	**13,925**	**14,522**
Creidiúnaithe – méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (féach nóta 15)	597	600
Ioncam Iarchurtha	13,328	13,922
	13,925	**14,522**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

19. Soláthar do Dhliteanais

Sócmhainní agus Dliteanais Chánach Iarchurtha

	2010	2009
	€'000	€'000
Cáin Iarchurtha i dtaca le Liúntais Chaipitiúla luathaithe	(3,480)	(2,873)
Cáin Iarchurtha i dtaca le caillteanais chánach nár baineadh úsáid astu agus atá tugtha ar aghaidh	-	126
Dliteanas Iarchurtha Cánach, an chuid sin a bhaineann le dliteanas i dtaca le scéimeanna pinsean as an áireamh	**(3,480)**	**(2,747)**
Cáin iarchurtha maidir le dliteanais i dtaca le scéimeanna pinsean (féach thíos)	753	135
Soláthar iomlán le haghaidh cáin iarchurtha	**(2,727)**	**(2,612)**

Gluaiseacht Sócmhainní agus Dliteanas Cánach Iarchurtha

		2010
	€'000	€'000
Iarmhéid Oscailte		(2,747)
Aistriú (go)/ó Bhrabús agus Caillteanas (féach nóta 8)		
I dtaca le Liúntais Chaipitiúla luathaithe	(774)	
Rósholáthar sa bhliain roimhe	91	
Úsáid na gcaillteanas cánach tugtha ar aghaidh	(50)	
Iarmhéid Druidte		**(3,480)**

Sócmhainn Chánach Iarchurtha i dtaca le dliteanas na scéimeanna pinsean (féach nóta 31)

	2010	2009
	€'000	€'000
Iarmhéid Oscailte	**135**	**1,636**
Aistriú go Brabús agus Caillteanas (féach nóta 8)	(520)	(380)
Aistriú ón/(go dtí an) Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas AitheantaAitheanta	1,138	(1,121)
Iarmhéid Druidte	**753**	**135**

Tá an tSócmhainn Chánach Iarchurtha dá dtagraítear thuas san áireamh in Iarmhéid na nDliteanas Pinsin ar an gClár Comhardaithe

20. Scairchaipiteal

	Líon ('000)	€'000
Údaraithe – 96.5m gnáthscair ar phraghas €1.25 an ceann		
amhail 31 Nollaig 2010 agus 2009	**96,500**	**120,625**
Cionroinnte agus íoctha ina n-iomláine amhail 31 Nollaig 2010 agus 2009	**11,571**	**14,464**

21. Cúlchiste Comhshó Chaipitiúil

Rinneadh gnáthscaireanna an Chomhlachta a athainmniú ó €1.269738 an ceann go €1.25 an ceann in 2001 agus aistríodh an méid ar ar laghdaíodh scairchaipiteal eisithe an Chomhlachta go ciste ar a dtugtar an Cúlchiste Comhshó Chaipitiúil.

22. Cúlchiste Brabúis agus Caillteanais

	2010	2009
	€'000	€'000
Iarmhéid Oscailte	**224,937**	**207,894**
Brabús don bhliain airgeadais	20,534	14,492
Díbhinní a íocadh	(5,500)	(5,300)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach aitheanta i dtaca le scéimeanna pinsean	(9,102)	8,972
Cáin Iarchurtha i dtaca le (caillteanas)/gnóthachan achtúireach	1,138	(1,121)
Iarmhéid Druidte	**232,007**	**224,937**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

23. Cúlchiste Athluachála na Maoine Infheistíochta

	2010	2009
	€'000	€'000
Iarmhéid Oscailte	**(1,250)**	**(3,446)**
Athluacháil na Maoine Infheistíochta (féach nóta 10)	(500)	(1,750)
Athluacháil ar meastar é a bheith buan (féach nóta 5)	500	3,946
Méid iomlán aistrithe ón/(go dtí an) Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheantateanas Aitheanta	-	2,196
Iarmhéid Druidte	**(1,250)**	**(1,250)**

Tá athluacháil déanta ar an Maoin Infheistíochta de réir SSAP 19, agus tá an t-easnamh a d'eascair as an athluacháil sin aistrithe go dtí Cúlchiste Athluachála na Maoine Infheistíochta; táthar ag súil gur easnamh sealadach a bheidh ann. Tá an chuid sin den easnamh atá faoin mbunchostas agus atá mar easnamh ionchasach aitheanta sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

24. Réiteach Gluaiseachtaí i gCiste na Scairshealbhóirí

	2010	2009
	€'000	€'000
Brabús don bhliain airgeadais	**20,534**	**14,492**
Díbhinn a íocadh (féach nóta 9)	(5,500)	(5,300)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach aitheanta i dtaca le scéimeanna pinsean	(9,102)	8,972
Cáin Iarchurtha i dtaca le (caillteanas)/gnóthachan achtúireach	1,138	(1,121)
Athluacháil ar an Maoin Infheistíochta	-	2,196
Méadú glan ar Chiste na Scairshealbhóirí	7,070	19,239
Ciste Oscailte na Scairshealbhóirí	238,270	219,031
Ciste Druidte na Scairshealbhóirí	**245,340**	**238,270**

25. Sreabhadh Comhlán Airgid Thirim

	2010	2009
	€'000	€'000
Fáltas ó infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadaithe		
Ús a fuarthas	622	241
Ús agus muirir chosúla a íocadh	(2,103)	(2,788)
Sreabhadh glan airgid thirim amach bunaithe ar fháltas ó infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadaithe	**(1,481)**	**(2,547)**
Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais		
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	(7,841)	(22,282)
Admhálacha ó dhíol sócmhainní seasta inláimhsithe	33	30
Sreabhadh glan airgid thirim amach bunaithe ar chaiteachas caipitiúil	**(7,808)**	**(22,252)**
Airgeadú		
Admhálacha ó iasachtaíochtaí meántéarmacha	20,000	69,000
Aisíoc méideanna a fuarthas ar iasacht	(20,000)	(65,000)
	-	**4,000**

26. Anailís ar athruithe ar an bhfiachas glan

	1 Eanáir 2010	Sreabhadh airgid thirim	Athruithe nach mbaineann le hairgead tirim	31 Nollaig 2010
	€'000	€'000	€'000	€'000
Airgead tirim glan sa bhanc agus ar láimh	875	8,863	-	9,738
Fiachas dlite laistigh de bhliain amháin	-	-	-	-
Fiachas dlite i ndiaidh bliana	(40,000)	-	-	(40,000)
Iomlán	**(39,125)**	**8,863**	**-**	**(30,262)**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

27. Gealltanais

	2010	2009
	€'000	€'000
Caiteachas caipitiúil sa todhchaí nach bhfuil soláthar déanta lena aghaidh		
Conradh déanta ina leith	2,012	3,762
Údaraithe ag na Stiúrthóirí ach gan conradh a bheith déanta ina leith	1,950	1,950
	3,962	**5,712**

Díorthaigh airgeadais

De réir an pholasaí atá ag an gComhlacht maidir le fálú, maolaítear neamhchosaint iasachtaíochtaí an Chomhlachta ar rátaí úis sa tréimhse dhá bhliain atá amach romhainn trí chonarthaí babhtála úis agus caidhpeála úis. Seo a leanas príomh-mhéid na gconarthaí sin amhail 31 Nollaig 2010 agus 2009:

	2010	2009
	€'000	€'000
Méid ainmniúil	36,000	36,000

28. Cúiteamh Stiúrthóirí

	2010	2009
	€'000	€'000
Cúiteamh		
- táillí le haghaidh seirbhísí mar Stiúrthóirí	101	127
- luach saothair as seirbhísí eile	246	436
- ranníocaíochtaí pinsean	29	72
	376	635
Sochar pinsin don Phríomhfheidhmeannach as seirbhísí san am a chuaigh thart	-	802
	376	**1,437**

Áirítear sa chuid thuas pacáiste cúitimh an Phríomhfheidhmeannaigh atá comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

Táillí Stiúrthóra	5	12
Tuarastal	70	239
Sochair eile lena n-áirítear Costais Phinsin agus Sochair Inchánach	-	66
	75	**317**

Ceapadh Éamonn O'Reilly mar Phríomhfheidhmeannach ar 16 Lúnasa 2010 i ndiaidh do Enda Connellan dul ar scor ar 8 Nollaig 2009.

28. Cúiteamh Stiúrthóirí - ar lean

Táillí na Stiúrthóirí	2010	2009
	€'000	€'000
L McCaffrey	22,133	-
E O'Reilly (Ceaptha 16 Lúnasa 2010)	4,764	-
T Hussey (D'éirigh as 25 Samhain 2010)	11,409	13,067
B W Kerr	12,600	13,067
J Kiersey	12,600	13,067
P Magner	12,600	13,067
J Moore*	12,600	13,067
C Rochfort*	12,600	13,067
J Burke (D'éirigh as 29 Eanáir 2009)	-	1,907
E Connellan (Chuaigh ar scor 8 Nollaig 2009)	-	12,324
P Bourke (Tháinig deireadh leis an téarma oifige ar 9 Meán Fómhair 2009)	-	9,217
C Bryce (D'éirigh as 1 Deireadh Fómhair 2009)	-	9,977
K Humphreys (Tháinig deireadh leis an téarma oifige ar 9 Meán Fómhair 2009)	-	9,217
T Stafford (Tháinig deireadh leis an téarma oifige ar 12 Meitheamh 2009)	-	6,151
	101,306	**127,195**

**Chomh maith le táillí na Stiúrthóirí, íocadh an dá oibrí atá ina gComhaltaí Boird mar fhostaithe de chuid Chomhlacht Chalafort Átha Cliath.*

29. Fostaithe

152 líon meánach na ndaoine a bhí fostaithe ag an gComhlacht i rith na bliana (2009:157).

30. Bearta Pháirtithe Gaolmhara

Mar atá luaite i nóta 1, tá gnáthscair amháin ag an Aire Airgeadais agus tá an chuid eile ag an Aire Iompair amhail 31 Nollaig 2010.

Mar is amhlaidh i gcás cuid mhór aonán eile, bíonn Comhlacht Chalafort Átha Cliath ag plé le haonáin rialtais agus le comhlachtaí eile ar leis an stat iad ar bhonn neamhthuilleamaí mar chuid den ghnáthchúrsa. Ní mheastar gur údar nochtaithe ábharaigh indibhidiúil aon cheann de na heagrais sin.

Bhí idir €5m agus €12m i dtaisce ag an gComhlacht sa Bhanc Angla-Éireannach ag tráthanna éagsúla le linn na mbliana agus ghnóthaíomar ús gur fiú €0.2m é. Rinneadh páirtí gaolmhar den Bhanc Angla-Éireannach nuair a ghlac an Stát úinéireacht air i ndiaidh gur achtaíodh an tAcht um an Banc-Chorparáid Angla-Éireannach, 2009. Ní raibh aon iarmhéideanna taisce amuigh ag deireadh na bliana.

Ní dhearna aon chomhalta Boird, atá mar pháirtí gaolmhar, ná aon duine den phríomhfhoireann bhainistíochta aon bheart ábharach leis an gComhlacht i rith na bliana.

Mar atá ráite i nóta 14, tá €2.320m (2009:€1.348m) ag dul don Chomhlacht ó chiste pinsean an Chomhlachta mar gheall ar ró-ranníocaíochtaí sa bhliain reatha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

31. Pinsin

Tá dhá scéim pinsean le sochair shainithe ag an gComhlacht mar aon le scéim pinsean le ranníocaíochtaí sainithe. Druideadh na scéimeanna le sochair shainithe ar 1 Eanáir 2005 i leith fostaithe nua.

Scéim na Rannaíochtaí Sainithe

Is comhaltaí de scéim na ranníocaíochtaí sainithe iad fostaithe a tháinig isteach sa Chomhlacht i ndiaidh 1 Eanáir 2005. Íocann na comhaltaí agus an Comhlacht araon ranníocaíochtaí ag ráta seasta. Chuir an Comhlacht €142k (2009:€192k) isteach i scéim na ranníocaíochtaí sainithe i gcaitheamh na bliana agus baineadh an méid sin den Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

a) Scéimeanna le Sochair Shainithe

Tá dhá scéim pinsean le sochair shainithe ag an gComhlacht bunaithe ar thuarastail dheiridh inphinsin na bhfostaithe atá i dteideal a leithéid; áirítear leo fostaithe agus iarfhostaithe de chuid an aonáin a bhí ann roimh an gComhlacht, Bord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath.

Faoi fhorálacha Acht na gCuanta, 1996 tá an Comhlacht freagrach as maoiniú a chur ar fáil le teidlíochtaí pinsin a íoc (lena n-áirítear na teidlíochtaí a bhaineann le seirbhís a tugadh roimh Lá Dílsithe do Bhord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath) i dtaca le:

- Gach fostaí incháilithe reatha de chuid an Chomhlachta;
- Gach pinsinéir incháilithe reatha agus iarchurtha de chuid Bhord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath;
- Iarfhostaithe incháilithe de chuid an Chomhlachta atá, san am i láthair, nó a bheidh amach anseo, ina bpinsinéirí reatha nó ina bpinsinéirí iarchurtha de chuid an Chomhlachta ó bhí Lá Dílsithe ann; agus
- Céilí agus páistí incháilithe de chuid fostaithe nó iarfhostaithe incháilithe.

Tá scéimeanna ar leith, riartha ag iontaobhaithe, bunaithe chun na críche seo.

Bhí an toghchán ba dheireanaí le haghaidh iontaobhaithe comhalta ann 15 Nollaig 2005 i gcás ceann amháin de na scéimeanna, agus rinne an Bord ceapachán ceathrar iarrthóirí a dhaingniú ag an gcruinniú a bhí acu 26 Eanáir 2006. Chomh maith leis an gceathrar iontaobhaithe comhalta, cheap an Comhlacht ceathrar iontaobhaithe eile. Is é an Comhlacht féin an t-aon iontaobhaí atá ar an scéim eile.

b) Luacháil Achtúireach

Déantar riocht maoinithe na scéimeanna le sochair shainithe a mheasúnú de réir chomhlairle achtúirí neamhspleácha. Déantar measúnú foirmiúil ar an riocht maoinithe tríú gach bliain. Ullmhaíodh na tuairiscí is deireanaí i dtaca le luacháil achtúireach amhail 1 Eanáir 2009 agus ba iad na hachtúirí, Mercer, nach oifigigh ná fostaithe de chuid an Chomhlachta iad, a rinne iad. Tá na tuairiscí luachála amhail 1 Eanáir 2009 ar fáil do chomhaltaí na scéime le go dtig leo iad a scrúdú, ach níl siad ar fáil don phobal. Tá sé de rún ag an gComhlacht ranníocaíochtaí rialta a dhéanamh sna scéimeanna de réir na moltaí atá déanta ag na hachtúirí ina dtuairisc dar dáta 1 Eanáir 2009. Tá na chéad tuairiscí luachála eile le hullmhú 1 Eanáir 2012.

Bonn luachála an Íoschaighdeáin Mhaoinithe

De réir Alt 44 in Acht na bPinsean, 1990 caithfidh na scéimeanna bheith ag teacht leis an Íoschaighdeán Maoinithe. Go ginearálta, is é a thomhaistear leis an Íoschaighdeán Maoinithe (ÍM) cé acu atá nó nach bhfuil dliteanais fabhraithe ag comhaltaí clúdaithe ag sócmhainní carntha, ar an mbonn tuisceana go raibh na scéimeanna foirceanta dáta na luachála. Tá na boinn thuisceana sin ar a socraítear dliteanas ÍM forordaithe i dtreoir achtúireach.

31 (b) Luacháil Achtúireach - ar lean

Rinneadh athbhreithniú achtúireach amhail 1 Eanáir 2011 chun an riocht maoinithe maidir leis an Íoschaighdeán Maoinithe a dhearbhú. Léiríodh leis an athbhreithniú seo go raibh na scéimeanna ag teacht leis an ÍM amhail 1 Eanáir 2011. Ba ionann sócmhainní foriomlána na scéime agus €211.5m agus ba ionann dliteanais fhoriomlána na scéime agus €194.6m, rud a d'fhág go raibh barrachas tathagaithe de €16.9m ann.

Bonn luachála fadtearmaí

Tá sé de rún ag an gComhlacht maoiniú a chur ar fáil go leanúnach de réir mholadh an achtúire d'fhonn a chinntiú go mbeifear in ann na scéimeanna a oibriú go leanúnach agus go mbeidh soláthar ann le haghaidh íocaíochtaí pinsean go fadtéarmach.

Ullmhaíodh an luacháil amhail 1 Eanáir 2009 ar mhaithe leis an gcuspóir seo trí mhodh luachála achtúirí ar a dtugtar "modh na haoise slánaithe". Is iad na príomhbhoinn thuisceana achtúireacha ar glacadh leo sa luacháil gurbh é 5.5% per annum an ráta bliantúil fáltais as infheistíochtaí roimh dhul ar scor, gurbh é 4.0% per annum an ráta bliantúil fáltais as infheistíochtaí i ndiaidh dul ar scor, go méadódh tuarastail ar ráta de 3.75% per annum agus go méadódh pinsin atá á n-íoc faoi láthair ar ráta de 3.25% per annum. Faoin modh luachála seo amhail 1 Eanáir 2009, ba ionann na sócmhainní foriomlána agus €187.9m agus ba ionann dliteanais fhoriomlána fabhraithe agus €247.1m. Easnamh tathagaithe de €59.2m a bhí mar thoradh air seo agus cóimheas maoinithe (sócmhainní:dliteanais) amhail 1 Eanáir 2009 de 76%.

I ndiaidh athbhreithniú eatramhach achtúireach amhail 1 Eanáir 2011 ba ionann na sócmhainní foriomlána agus €211.5m agus ba ionann na dliteanais fhoriomlána a rinneadh a thomhas faoin modh luachála seo agus €259.6m, rud a d'fhág go raibh easnamh tathagaithe de €48.1m ann agus cóimheas maoinithe (sócmhainní:dliteanais) de 81% ann amhail 1 Eanáir 2010. Ullmhófar an chéad athbhreithniú foirmiúil eile amhail 1 Eanáir 2012.

c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) "Sochair ar dhul ar scor"

Tá luacháil déanta ar na scéimeanna ag achtúirí neamhspleácha chun críocha FRS 17 bunaithe ar shonraí a cuireadh ar fáil do luacháil achtúireach ar na scéimeanna amhail 31 Nollaig 2010.

De réir mar a éilítear le FRS 17 rinneadh an luacháil trí mhodh luachála achtúirí ar a dtugtar "modh chostas réamh-mheasta aonaid". Ó tharla nach féidir le daoine nua dul isteach sna scéimeanna, tá an phróifíl aoise ag dul in airde agus mar sin de, faoin modh chostas réamh-mheasta aonaid méadóidh costas reatha na seirbhíse de réir mar a dhruidfidh baill na scéime leis an uair a rachaidh siad ar scor.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

31 (c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) "Sochair ar dhul ar scor" - ar lean

Boinn Thuisceana Airgeadais

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn thuisceana airgeadais ar baineadh úsáid astu chun na dliteanais faoi FRS 17 a ríomh dáta an Chláir Chomhardaithe:

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
Ráta úis a cuireadh i bhfeidhm ar dhliteanais lascaine	5.25%	5.70%
Ráta réamh-mheasta den mhéadú ar thuarastail	3.50%	3.75%
Ráta réamh-mheasta den mhéadú ar phinsin atá á n-íoc	3.00%	3.25%
Ráta méadaithe pinsean atá iarchurtha	3.00%	3.25%
Bonn tuisceana maidir le boilsciú	2.00%	2.00%
Ráta ionchasach fáltais ar shócmhainní scéime	4.48%	5.29%

Socraítear an ráta lascaine a mbaintear úsáid as agus an dliteanas pinsin á ríomh trí thagairt a dhéanamh d'fháltais mhargaidh i dtaca le bannaí corparáideacha d'ardcháilíocht. Bíonn airgeadra agus téarma na mbannaí corparáideacha ag teacht leis an airgeadra agus le téarma measta na ndliteanas. Ag féachaint d'fhad dhliteanais na scéime, glacadh le ráta lascaine de 5.25% amhail 31 Nollaig 2010.

Sócmhainní Scéime

Is é seo a leanas cionroinnt infheistíochta sócmhainní dáta an Chláir Chomhardaithe:

	2010		2009	
	Blianta i gcás Fear	**Blianta i gcás Ban**	**Blianta i gcás Fear**	**Blianta i gcás Ban**
Baill reatha atá 40 bliain d'aois (ionchas saoil agus iad 65 bliain d'aois)	26.1	27.1	21.8	24.8
Pinsinéirí reatha atá 65 bliain d'aois (ionchas saoil agus iad 65 bliain d'aois)	22.8	24.4	20.8	23.8

Sócmhainní Scéime

Is é seo a leanas cionroinnt infheistíochta sócmhainní dáta an Chláir Chomhardaithe:

Rang na Sócmhainní	Cuid de shócmhainní scéime amhail 31 Nollaig 2010	Cuid de shócmhainní scéime amhail 31 Nollaig 2009
Gnáthscaireanna	23.30%	21.40%
Bannaí	73.20%	74.90%
Maoin	2.40%	2.50%
Eile	1.10%	1.20%
	100.00%	**100.00%**

31 (c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) "Sochair ar dhul ar scor" - ar lean

Chun an bonn tuisceana maidir leis an ráta fadtéarmach fáltais as sócmhainní a fhorbairt, mheas an Comhlacht an leibhéal reatha d'fháltais ionchasacha as na hinfheistíochtaí is lú a mbaineann riosca leo (bannaí rialtais go príomha), leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann leis na ranganna eile sócmhainní a bhfuil an phunann infheistithe iontu, agus na hionchais maidir le fáltas sa todhchaí as gach rang sócmhainní. Rinneadh an fáltas ionchasach do gach rang sócmhainní a ualú ansin, bunaithe ar sprioc-chionrionnt na sócmhainní, chun an ráta fadtéarmach ionchasach fáltais as an mbonn tuisceana maidir le sócmhainní a fhorbairt le haghaidh na punainne. Ba é an toradh a bhí air sin gur roghnaíodh 4.48% mar bhonn tuisceana (2009:5.29%).

Is iad seo a leanas luach cothrom na sócmhainní sna scéimeanna pinsean agus an ráta ionchasach fáltais dáta an Chláir Chomhardaithe:

	Ráta Ionchasach Fáltais amhail 31 Nollaig 2010	Luach cothrom amhail 31 Nollaig 2010	Ráta Ionchasach Fáltais amhail 31 Nollaig 2009	Luach cothrom amhail 31 Nollaig 2009
		€'000		€'000
Gnáthscaireanna	7.50%	49,222	8.40%	43,729
Bannaí	3.50%	154,835	4.40%	152,808
Maoin	6.00%	5,124	6.90%	5,123
Eile	2.00%	2,293	2.00%	2,259
Luach iomlán cothrom na Sócmhainní		**211,474**		**203,919**

Ní áirítear le sócmhainní scéime aon chuid d'uirlisí airgeadais an Chomhlachta féin ná aon mhaoin a bhfuil an Comhlacht lonnaithe ann.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

31 (c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) "Sochair ar dhul ar scor" - ar lean

Is iad seo a leanas na méideanna atá aitheanta sa Chlár Comhardaithe

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Sócmhainní	211,474	203,919
Dliteanais	(217,500)	(205,000)
Easnamh glan sna scéimeanna pinsean	**(6,026)**	**(1,081)**
Sócmhainn ghaolmhar chánach iarchurtha	753	135
Dliteanas Glan Pinsin	**(5,273)**	**(946)**

Anailís ar na méideanna atá aitheanta sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais

	2010	2009
	€'000	€'000
Bainte den Bhrabús Oibriúcháin		
Costas reatha seirbhíse	(927)	(976)
Costas seirbhíse san am a chuaigh thart	(650)	(802)
	(1,577)	**(1,778)**
Bainte de/(Curtha le) caiteachas maoinithe		
Fáltas ionchasach as sócmhainní na scéimeanna pinsean	10,664	9,552
Ús le dliteanais na scéimeanna pinsean	(11,434)	(11,253)
Glanchostas maoinithe	**(770)**	**(1,701)**
Méid Iomlán Bainte den Chuntas Brabúis agus Caillteanais	**(2,347)**	**(3,479)**

	2010	2009
	€'000	€'000
Fáltas iarbhír as sócmhainní scéime	**12,178**	**19,889**

31 (c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) "Sochair ar dhul ar scor" - ar lean

Anailís ar an méid atá aitheanta sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta

	2010	2009
	€'000	€'000
Méid iarbhír lúide an fáltas ionchasach as sócmhainní scéime	1,514	10,337
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ag éirí as dliteanais scéime	4,884	(1,365)
Athruithe ar na boinn thuisceana atá mar bhunchloch le luach reatha dhliteanais scéime	(15,500)	-
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach aitheanta sa Ráiteas	**(9,102)**	**8,972**

Is é an caillteanas carnach achtúireach atá aitheanta sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta suas go dtí an bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2010, an lá sin san áireamh, ná €88.0m (2009:€78.9m).

Gluaiseacht sócmhainní agus dliteanais scéime

	Sócmhainní Pinsin	Dliteanais Phinsin	Easnamh Pinsin
	€'000	€'000	€'000
Amhail 31 Nollaig 2008	187,912	(201,000)	(13,088)
Costas reatha seirbhíse	-	(976)	(976)
Costas seirbhíse san am a chuaigh thart	-	(802)	(802)
Ús le dliteanais scéime	-	(11,253)	(11,253)
Fáltas ionchasach as sócmhainní na scéimeanna	9,552	-	9,552
Méid iarbhír lúide an fáltas ionchasach as sócmhainní scéime	10,337	-	10,337
Caillteanas glan as dliteanais	-	(1,365)	(1,365)
Rannaíocaíochtaí na mball	474	(474)	-
Sochair a íocadh ón scéim	(10,870)	10,870	-
Rannícaíochtaí an fhostóra	6,514	-	6,514
Amhail 31 Nollaig 2009	**203,919**	**(205,000)**	**(1,081)**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

31 (c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) "Sochair ar dhul ar scor" - ar lean

Gluaiseacht sócmhainní agus dliteanais scéime

	Sócmhainní Pinsin	Dliteanais Phinsin	Easnamh Pinsin
	€'000	€'000	€'000
Amhail 31 Nollaig 2009	203,919	(205,000)	(1,081)
Costas reatha seirbhíse	-	(927)	(927)
Costas seirbhíse san am a chuaigh thart	-	(650)	(650)
Ús le dliteanais na scéime	-	(11,434)	(11,434)
Fáltas ionchasach as sócmhainní scéime	10,664	-	10,664
Méid iarbhír lúide fáltas ionchasach as sócmhainní scéime	1,514	-	1,514
Caillteanas glan as dliteanais	-	(10,616)	(10,616)
Ranníocaíochtaí na mball	454	(454)	-
Sochair a íocadh ón scéim	(11,581)	11,581	-
Ranníocaíochtaí an fhostóra	6,504	-	6,504
Amhail 31 Nollaig 2010	**211,474**	**(217,500)**	**(6,026)**

Tá an fostóir ag súil le ranníocaíocht de €6.25 milliún a chur leis na scéimeanna pinsean in 2011.

Stair na n-oibleagáidí i dtaca le sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ag deireadh na bliana, 31 Nollaig

	2010	2009	2008	2007	2006
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Dliteanais	(217,500)	(205,000)	(201,000)	(210,796)	(233,800)
Sócmhainní	211,474	203,919	187,912	204,704	156,911
Easnamh Glan	(6,026)	(1,081)	(13,088)	(6,092)	(76,889)
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí as sócmhainní scéime:					
Amount (€m)	1,514	10,337	(30,862)	(5,492)	(2,445)
Céatadán de shócmhainní scéime	0.7%	5.1%	(16.4%)	(2.7%)	(1.6%)
Gnóthachain agus caillteanais as dliteanais scéime:					
Méid (€m)	4,884	(1,365)	(2,495)	(1,503)	(13,091)
Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime:	2.2%	0.7%	1.2%	0.7%	5.6%

31 (c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) "Sochair ar dhul ar scor" - ar lean

Anailís ar Íogaireacht na nDliteanas Scéime

Tá íogaireacht na n-oibleagáide i dtaca le sochair shainithe i leith athruithe ar na boinn thuisceana maidir le mortlaíocht leagtha amach thíos:

	2010	2010	2010
	Bonn tuisceana a bhí ann cheana féin	**-1 bhliain**	**+1 bhliain**
Baill reatha fhireanna atá 40 bliain d'aois (Ionchas saoil agus iad 65 bliain d'aois)	26.1 years	25.1 years	27.1 years
Pinsinéirí reatha fireanna atá 65 bliain d'aois (Ionchas saoil agus iad 65 bliain d'aois)	22.8 years	21.8 years	23.8 years
Dliteanais (€'000)	217,500	212,173	222,801
Athrú ar dhliteanais (€'000)		5,327	(5,301)
% an athraithe (mar % den bhunmhéid)		2.5%	(2.4%)

Tá íogaireacht na hoibleagáide i dtaca le sochair shainithe i leith athruithe ar an ráta lascaine leagtha amach thíos:

	2010	2010	2010
	Bonn tuisceana atá ann cheana féin	**-0.25%**	**+0.25%**
Ráta Lascaine	5.25%	5.00%	5.50%
Dliteanais (€'000)	217,500	225,253	210,188
Athrú ar dhliteanais (€'000)		(7,753)	7,312
% an athraithe (mar % den bhunmhéid)		(3.6%)	3.4%

32. Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Ní raibh aon imeacht ann idir dáta an Chláir Chomhardaithe agus an dáta ar fhaomh an Bord an ráiteas airgeadais a d'fhágfadh gurbh ghá na ráitis airgeadais a leasú nó nochtuithe breise a dhéanamh.

33. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar 31 Márta 2011.

06

Staitisticí maidir leis an gCalafort

Clúdaíonn na ráitis airgeadais atá leagtha amach ar leathanaigh 33 to 67 an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 agus tá figiúirí comparáideacha ann don bhliain 2009.

Ar mhaithe le comparáid amháin, léiríonn na staitisticí seo thíos, atá gan iniúchadh, trádáil ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath sna blianta féilire 2008 - 2010.

	2010	2009	2008
Soithigh – Iomlán a tháinig isteach	**7,579**	**7,379**	**7,621**
Méid a chuaigh tríd an gCalafort ('000 tonna)			
RóRó	17,107	15,344	16,351
LóLó	5,675	5,422	6,556
Bulcleachtanna	3,788	4,051	4,077
Bulcsholaid	1,475	1,583	2,429
Briseadh builc	73	102	164
	28,118	**26,502**	**29,577**
Aonaid RóRó ('000)	**726**	**645**	**704**
TEUanna LóLó ('000)	**554**	**548**	**677**
Líon na bPaisinéirí (milliúin)	**1.8**	**1.5**	**1.3**

COMHLACHT CHALAFORT
ÁTHA CLIATH
DUBLIN PORT COMPANY

Comhlacht Chalafort Átha Cliath, Ionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1, Éire
Teil: +353 1 887 6000 **R-phost:** info@dublinport.ie **Facs:** +353 1 855 1241

www.dublinport.ie